AN tAONTAS EORPACH

PARLAIMINT NA hEORPA | AN CHOMHAIRLE

Strasbourg, 4 Deireadh Fómhair 2023
(OR. en)

2021/0248 (COD)
LEX 2260

PE-CONS 24/1/23
REV 1

PECHE 159
CODEC 743

# RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE MAIDIR LE FORÁLACHA ÁIRITHE I nDÁIL LE hIASCAIREACHT I LIMISTÉAR CHOMHAONTÚ AN CHOIMISIÚIN GHINEARÁLTA IASCAIGH DON MHEÁNMHUIR (CGIM) (ATHMHÚNLÚ)

**RIALACHÁN (AE) 2023/...**
**Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE**

**an 4 Deireadh Fómhair 2023**

**maidir le forálacha áirithe i ndáil le hiascaireacht**
**i limistéar Chomhaontú an Choimisiúin Ghinearálta Iascaigh**
**don Mheánmhuir (CGIM) (athmhúnlú)**

TÁ PARLAIMINT NA hEORPA AGUS COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 43(2) de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

Tar éis dóibh an dréachtghníomh reachtach a chur chuig na parlaimintí náisiúnta,

Ag féachaint don tuairim ó Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa[1],

Ag gníomhú dóibh i gcomhréir leis an ngnáthnós imeachta reachtach[2],

---

[1] IO C 517, 22.12.2021, lch. 122.
[2] Seasamh ó Pharlaimint na hEorpa an 12 Iúil 2023 (nár foilsíodh fós san Iris Oifigiúil) agus cinneadh ón gComhairle an 18 Meán Fómhair 2023.

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Rinneadh Rialachán (AE) Uimh. 1343/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[1] a leasú go suntasach roinnt uaireanta[2]. Ós rud é go bhfuil tuilleadh leasuithe le déanamh ar an Rialachán, ba cheart é a athmhúnlú ar mhaithe le soiléireacht.

(2) Is é ceann de chuspóirí an chomhbheartais iascaigh, mar a leagtar amach i Rialachán (AE) Uimh. 1380/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[3], a áirithiú go bhfuil gníomhaíochtaí iascaireachta agus dobharshaothraithe inbhuanaithe ó thaobh an chomhshaoil de san fhadtréimhse agus go ndéanfar iad a bhainistiú ar bhealach atá comhsheasmhach leis na cuspóirí i dtaca le sochair don gheilleagar, don tsochaí agus don fhostaíocht a bhaint amach, agus i dtaca le rannchuidiú le hinfhaighteacht soláthairtí bia.

(3) D'aontaigh an Comhphobal Eorpach don Chomhaontú um bunú an Choimisiúin Ghinearálta Iascaigh don Mheánmhuir (Comhaontú CGIM) de bhun Chinneadh 98/416/CE ón gComhairle[4].

---

1 Rialachán (AE) Uimh. 1343/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 13 Nollaig 2011 maidir le forálacha áirithe i ndáil le hiascaireacht i limistéar Chomhaontú CGIM (An Coimisiún Ginearálta Iascaigh don Mheánmhuir) agus lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 1967/2006 ón gComhairle maidir le bearta bainistíochta do shaothrú inbhuanaithe acmhainní iascaigh sa Mheánmhuir (IO L 347, 30.12.2011, lch. 44).

2 Féach Iarscríbhinn XIV.

3 Rialachán (AE) Uimh. 1380/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Nollaig 2013 maidir leis an gComhbheartas Iascaigh, lena leasaítear Rialacháin (CE) Uimh. 1954/2003 ón gComhairle agus (CE) Uimh. 1224/2009 ón gComhairle agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 2371/2002 ón gComhairle, Rialachán (CE) Uimh. 639/2004 ón gComhairle agus Cinneadh 2004/585/CE ón gComhairle (IO L 354, 28.12.2013, lch. 22).

4 Cinneadh 98/416/CE ón gComhairle an 16 Meitheamh 1998 maidir le haontachas an Chomhphobail Eorpaigh leis an gCoimisiún Ginearálta Iascaigh don Mheánmhuir (IO L 190, 4.7.1998, lch. 34).

(4) Le Comhaontú CGIM, soláthraítear creat iomchuí do chomhar iltaobhach chun forbairt, caomhnú, bainistiú réasúnach agus scothúsáid acmhainní beo muirí a chur chun cinn sa Mheánmhuir agus sa Mhuir Dhubh ar leibhéil a mheastar ina leith go bhfuil siad inbhuanaithe agus go bhfuil riosca íseal ann go dteipfidh orthu.

(5) Tá an tAontas, chomh maith leis an mBulgáir, leis an nGréig, leis an Spáinn, leis an bhFrainc, leis an gCróit, leis an Iodáil, leis an gCipir, le Málta, leis an Rómáin agus leis an tSlóivéin, ina bpáirtithe conarthacha i gComhaontú CGIM.

(6) Maidir leis na moltaí arna nglacadh ag an gCoimisiún Ginearálta Iascaigh don Mheánmhuir (CGIM), tá siad ina gceangal ar a pháirtithe conarthacha. Ós rud é gur páirtí conarthach i gComhaontú CGIM é an tAontas, tá na moltaí sin ina gceangal ar an Aontas agus ba cheart, dá bhrí sin, iad a chur chun feidhme i ndlí Aontais mura bhfuil a inneachar faoi chumhdach leis an dlí sin cheana féin. Tá an tAontas le deimhniú go mbunófar gníomhaíochtaí iascaireachta lasmuigh d'uiscí an Aontais ar na prionsabail agus na caighdeáin chéanna atá infheidhme faoi dhlí an Aontais, agus cothrom na Féinne á chur chun cinn aige d'oibreoirí Aontais vis-à-vis oibreoirí ó thríú tíortha.

(7) Ar na cúiseanna sin agus ós rud é, de bharr chineál buan na moltaí, go bhfuil gá le hionstraim bhuan dhlíthiúil a bheith ann chun iad a chur chun feidhme i ndlí an Aontais, is iomchuí go ndéantar na moltaí sin a chur chun feidhme trí bhíthin gníomh reachtach aonair, lena n-áiritheofar soiléireacht dhlíthiúil agus intuarthacht d'oibreoirí an Aontais in uiscí atá cumhdaithe ag CGIM agus i gcás inar féidir moltaí amach anseo a chur isteach i bhfoirm leasuithe ar an ngníomh sin.

(8) I gcomhréir le hAirteagal 4 de Rialachán (AE) 2019/473 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[1], ba cheart don Ghníomhaireacht Eorpach um Rialú ar Iascach (EFCA), arna iarraidh sin don Choimisiún, cúnamh a thabhairt don Aontas agus do na Ballstáit ina gcaidreamh le tríú tíortha agus le heagraíochtaí idirnáisiúnta réigiúnacha iascaigh a bhfuil an tAontas ina bhall díobh. I gcomhréir leis an Rialachán sin, nuair is gá chun oibleagáidí an Aontais a chur chun feidhme, tá EFCA, arna iarraidh sin don Choimisiún, chun gníomhaíochtaí rialaithe agus cigireachta na mBallstát a chomhordú ar bhonn clár idirnáisiúnta maidir le rialú agus cigireacht. Is iomchuí, dá bhrí sin, forálacha a ghlacadh lena n-áireofar EFCA, nuair a ainmneoidh an Coimisiún é, mar an comhlacht a fhaigheann faisnéis ó na Ballstáit a bhaineann le rialú agus cigireacht, amhail tuarascálacha cigireachta ar muir.

(9) Ba cheart bearta bainistíochta agus moltaí a bheith bunaithe ar an gcomhairle eolaíoch is fearr atá ar fáil. Maidir leis an gcomhairle ar a mbunaítear na bearta bainistíochta, ba cheart é sin a bheith bunaithe ar úsáid eolaíoch sonraí ábhartha maidir le toilleadh agus gníomhaíocht na gcabhlach, maidir le stádas bitheolaíoch acmhainní arna saothrú agus maidir le staid shóisialta agus eacnamaíoch iascach. Is gá na sonraí sin a bhailiú agus a chur isteach in am ionas go mbeidh fochomhlachtaí CGIM in ann a gcomhairle a ullmhú, agus ba cheart gnéithe bitheolaíocha, socheacnamaíocha agus comhshaoil a chur san áireamh ann.

(10) I seisiúin bhliantúla CGIM atá ar siúl ó 2005 glacadh roinnt moltaí agus rún i ndáil le hiascaigh áirithe i limistéar Chomhaontú CGIM a cuireadh chun feidhme go príomha i ndlí an Aontais trí bhíthin Rialachán (AE) Uimh. 1343/2011.

---

1 Rialachán (AE) 2019/473 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 19 Márta 2019 maidir leis an nGníomhaireacht Eorpach um Rialú ar Iascach (IO L 83, 25.3.2019, lch. 18).

(11) Ag a sheisiún bliantúil in 2019, ghlac CGIM Moladh CGIM/43/2019/8 lena leasaítear foráil 13 de Mholadh CGIM/33/2009/8 agus Iarscríbhinn I a ghabhann leis an Moladh sin. Maidir le hábhar an mholta sin, cé go gcumhdaítear é i bpáirt le Rialachán (CE) Uimh. 1005/2008 ón gComhairle[1], leis an Rialachán seo ba cheart na bearta a leagtar síos sa Mholadh sin nach gcumhdaítear go fóill le dlí an Aontais a chur chun feidhme i ndlí an Aontais.

(12) Ag a sheisiún bliantúil in 2019, ghlac CGIM Moladh CGIM/43/2019/4 maidir le plean bainistíochta um shaothrú inbhuanaithe coiréalaigh dheirg sa Mheánmhuir, lena leasaítear Moltaí CGIM/35/2011/2, CGIM/36/2012/1, CGIM/40/2016/7 agus CGIM/41/2017/5. Leis an Rialachán seo ba cheart na bearta a leagtar síos sa Mholadh sin nach gcumhdaítear go fóill le dlí an Aontais a chur chun feidhme i ndlí an Aontais.

(13) Ag a sheisiún bliantúil in 2018, ghlac CGIM Moladh CGIM/42/2018/2 maidir le bearta bainistíochta iascach chun siorcanna agus roic a chaomhnú i limistéar chur chun feidhme CGIM, lena leasaítear Moladh CGIM/36/2012/3. Leis an Rialachán seo ba cheart na bearta a leagtar síos sa Mholadh sin nach gcumhdaítear go fóill le dlí an Aontais a chur chun feidhme i ndlí an Aontais.

[1] Rialachán (CE) Uimh. 1005/2008 ón gComhairle an 29 Meán Fómhair 2008 lena mbunaítear córas Comhphobail chun iascaireacht neamhdhleathach, neamhthuairiscithe agus neamhrialáilte a chosc, a dhíspreagadh agus a dhíothú, lena leasaítear Rialacháin (CEE) Uimh. 2847/93, (CE) Uimh. 1936/2001 agus (CE) Uimh. 601/2004 agus lena n-aisghairtear Rialacháin (CE) Uimh. 1092/94 agus (CE) Uimh. 1447/1999 (IO L 286, 29.10.2008, lch. 1).

(14) Ag a sheisiún bliantúil in 2018, ghlac CGIM Moladh CGIM/42/2018/8 maidir le tuilleadh beart éigeandála in 2019-2021 maidir le stoic pheiligeacha bheaga i Muir Aidriad, lena leasaítear Moladh CGIM/38/2014/1. Leis an Rialachán seo ba cheart na bearta a leagtar síos sa Mholadh sin nach gcumhdaítear go fóill le dlí an Aontais a chur chun feidhme i ndlí an Aontais.

(15) Tá sé tábhachtach meastachán a dhéanamh ar ghabhálacha na n-iascach áineasa, i gcás inarb ábhartha, sna huiscí arna gcumhdach ag CGIM d'fhonn a chur ar chumas an Coiste Comhairleach Eolaíoch (SAC) faisnéis thuairisciúil agus comhairle a sholáthar maidir le meastacháin ar ghabhálacha iascaigh áineasa.

(16) Thairis sin, tá toirmeasc sna bearta ó CGIM a leagtar síos sna Moltaí CGIM/37/2013/1 agus CGIM/42/2018/8 ar choinneáil ar bord nó ar thabhairt i dtír ar cheart a chur i bhfeidhm i ndlí an Aontais i gcomhréir le hAirteagal 15(2) de Rialachán (AE) Uimh. 1380/2013. Ar mhaithe le cur chun feidhme mar is ceart, ba cheart cláir náisiúnta um rialú, faireachán agus faireachas a fhorbairt, agus ba cheart don Choimisiún an méid sin a chur faoi bhráid Rúnaíocht CGIM go bliantúil.

(17) Ag a sheisiún bliantúil in 2018, ghlac CGIM Moladh CGIM/42/2018/5 maidir le plean bainistíochta ilbhliantúil a bhunú um na stoic ghrinnill i gCaolas na Sicile, lena leasaítear Moltaí CGIM/39/2015/2 agus CGIM/40/2016/4. Leis an Rialachán seo ba cheart na bearta a leagtar síos sa Mholadh sin nach gcumhdaítear go fóill le dlí an Aontais a chur chun feidhme i ndlí an Aontais.

(18) Ag a sheisiún bliantúil in 2019, ghlac CGIM Moladh CGIM/43/2019/3 lena leasaítear Moladh CGIM/41/2017/4 i ndáil le plean bainistíochta ilbhliantúil um iascaigh turbard sa Mhuir Dhubh. Leis an Rialachán seo ba cheart na bearta a leagtar síos sa Mholadh sin nach gcumhdaítear go fóill le dlí an Aontais a chur chun feidhme i ndlí an Aontais.

(19) Ag a sheisiún bliantúil in 2019, ghlac CGIM Moladh CGIM/43/2019/2 maidir le plean bainistíochta um shaothrú inbhuanaithe deargán i Muir Alboran. Leis an Rialachán seo ba cheart na bearta a leagtar síos sa Mholadh sin nach gcumhdaítear go fóill le dlí an Aontais a chur chun feidhme i ndlí an Aontais.

(20) In iascaigh mheasctha na Meánmhara, ní féidir roghnaíocht roinnt trealamh iascaireachta dul faoi bhun leibhéal áirithe. Chomh maith le rialú agus teorannú foriomlán a dhéanamh ar iarracht iascaireachta, is den bhuntábhacht é teorainn a chur leis an iarracht iascaireachta i limistéir ina gcomhthiomsaíonn iasc fásta de chuid stoc tábhachtach chun a áirithiú go bhfuil an riosca atá ann maidir le bac a chur ar atáirgeadh an éisc sin sách íseal ionas go ndéanfaí na stoic sin a shaothrú ar shlí inbhuanaithe. Is inmholta, dá bhrí sin, i leith an limistéir a scrúdaigh SAC, an iarracht iascaireachta a theorannú ar dtús do na leibhéil a bhí ann roimhe sin agus, ansin, gan aon mhéadú ar na leibhéil sin a cheadú.

(21) Ag a sheisiún bliantúil in 2018, ghlac CGIM Moladh CGIM/42/2018/1 maidir le plean bainistíochta ilbhliantúil um eascann Eorpach sa Mheánmhuir. Leis an Moladh sin, bunaítear plean bainistíochta ilbhliantúil um iascaigh a ghabhann eascann Eorpach sa Mheánmhuir, i gcomhréir leis an gcur chuige réamhchúraim i leith bainistiú iascach. Leis an Rialachán seo ba cheart na bearta a leagtar síos sa Mholadh sin nach gcumhdaítear go fóill le dlí an Aontais a chur chun feidhme i ndlí an Aontais.

(22) Ag a sheisiún bliantúil in 2018, ghlac CGIM Moladh CGIM/42/2018/3 maidir le plean bainistíochta ilbhliantúil um iascaigh tráil inbhuanaithe a bhíonn ag díriú ar shéacla mór dearg agus ar shéacla gorm agus dearg i Muir na Leiveainte. Leis an Rialachán seo ba cheart na bearta a leagtar síos sa Mholadh sin nach gcumhdaítear go fóill le dlí an Aontais a chur chun feidhme i ndlí an Aontais.

(23) Ag a sheisiún bliantúil in 2018, ghlac CGIM Moladh CGIM/42/2018/4 maidir le plean bainistíochta ilbhliantúil um iascaigh tráil inbhuanaithe a bhíonn ag díriú ar shéacla mór dearg, ar shéacla gorm agus dearg sa Mhuir Iónach. Leis an Rialachán seo ba cheart na bearta a leagtar síos sa Mholadh sin nach gcumhdaítear go fóill le dlí an Aontais a chur chun feidhme i ndlí an Aontais.

(24) Ag a sheisiún bliantúil in 2018, ghlac CGIM Moladh CGIM/42/2018/7 maidir le clár taighde réigiúnach um portán gorm sa Mheánmhuir. Leis an Rialachán seo ba cheart na bearta a leagtar síos sa Mholadh sin nach gcumhdaítear go fóill le dlí an Aontais a chur chun feidhme i ndlí an Aontais.

(25) Ag a sheisiún bliantúil in 2018, ghlac CGIM Moladh CGIM/42/2018/9 maidir le clár taighde réigiúnach maidir le hiascaigh cuachma féithí sa Mhuir Dhubh. Leis an Rialachán seo ba cheart na bearta a leagtar síos sa Mholadh sin nach gcumhdaítear go fóill le dlí an Aontais a chur chun feidhme i ndlí an Aontais.

(26) Ag a sheisiún bliantúil in 2019, ghlac CGIM Moladh CGIM/43/2019/1 maidir le tacar beart bainistíochta maidir le húsáid feistí comhthiomsaithe éisc ar ancaire in iascaigh dorád coiteann sa Mheánmhuir. Leis an Moladh sin comhlánaítear Moladh CGIM/30/2006/2 maidir le séasúr coiscthe a leagan síos d'iascaigh dorád coiteann a úsáideann feistí comhthiomsaithe éisc agus bunaítear leis tacar beart bainistíochta maidir le húsáid feistí comhthiomsaithe éisc ar ancaire a shaothraíonn doráid choiteanna i limistéar chur i bhfeidhm CGIM. Leis an Rialachán seo ba cheart na bearta a leagtar síos sa Mholadh sin nach gcumhdaítear go fóill le dlí an Aontais a chur chun feidhme i ndlí an Aontais.

(27) Ag a sheisiún bliantúil in 2019, ghlac CGIM Moladh CGIM/43/2019/6 maidir le bearta bainistíochta i ndáil le hiascaigh tráil inbhuanaithe a bhíonn ag díriú ar shéacla mór dearg, ar shéacla gorm agus dearg i gCaolas na Sicile. Leis an Rialachán seo ba cheart na bearta a leagtar síos sa Mholadh sin nach gcumhdaítear go fóill le dlí an Aontais a chur chun feidhme i ndlí an Aontais.

(28) Ba cheart cumhachtaí cur chun feidhme a thabhairt don Choimisiún chun coinníollacha comhionanna a áirithiú do chur chun feidhme fhorálacha an Rialacháin seo maidir le comhar agus malartú faisnéise le Rúnaíocht CGIM agus maidir le formáid agus tarchur na nithe seo a leanas: an tuarascáil ar ghníomhaíochtaí iascaireachta arna ndéanamh i limistéir shrianta iascaigh; agus iarratais maidir le laethanta a thabhairt ar aghaidh mar gheall ar dhrochaimsir sa séasúr coiscthe d'iascaigh dorád agus an tuarascáil ar an tabhairt ar aghaidh sin; agus an tuarascáil i gcomhthéacs sonraí a bhailiú i ndáil le hiascaigh dorád. Ba cheart na cumhachtaí sin a fheidhmiú i gcomhréir le Rialachán (AE) Uimh. 182/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[1].

[1] Rialachán (AE) Uimh. 182/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Feabhra 2011 lena leagtar síos na rialacha agus na prionsabail ghinearálta a bhaineann leis na sásraí maidir le rialú ag na Ballstáit ar fheidhmiú cumhachtaí cur chun feidhme ag an gCoimisiún (IO L 55, 28.2.2011, lch. 13).

(29) D'fhonn a áirithiú go leanfaidh an tAontas dá oibleagáidí a chomhlíonadh faoi Chomhaontú CGIM, ba cheart an chumhacht chun gníomhartha a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 290 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh a tharmligean chuig an gCoimisiún chun críche na leasuithe sin, atá tagtha chun bheith ina gceangal ar an Aontas, a chur chun feidhme i ndlí an Aontais ar na bearta CGIM atá curtha chun feidhme cheana féin i ndlí an Aontais maidir le tarchur liosta na soithí atá údaraithe lena n-áireamh i gclár CGIM chuig Rúnaíocht CGIM, na maoluithe ar bhearta caomhnaithe i ndáil le coiréalach dearg; cur chun feidhme na Buanscéime Doiciméadaithe um Ghabháil (CDS) i ndáil le coiréalach dearg; bearta arna ndéanamh ag stát an chalafoirt; tábla, léarscáil agus comhordanáidí geografacha fho-limistéir gheografacha CGIM; nósanna imeachta cigireachta arna ndéanamh ag stát an chalafoirt maidir le soithí; agus le maitrísí staidrimh CGIM. Tá sé tábhachtach, go háirithe, go ndéanfadh an Coimisiún comhairliúcháin iomchuí a chur i gcrích le linn a chuid oibre ullmhúcháin, lena n-áirítear ar leibhéal na saineolaithe, agus go ndéanfaí na comhairliúcháin sin i gcomhréir leis na prionsabail a leagtar síos i gComhaontú Idirinstitiúideach maidir le Reachtóireacht Níos Fearr an 13 Aibreán 2016[1]. Go sonrach, chun rannpháirtíocht chomhionann in ullmhú gníomhartha tarmligthe a áirithiú, faigheann Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle na doiciméid uile ag an am céanna leis na saineolaithe sa Bhallstáit, agus bíonn rochtain ag a gcuid saineolaithe ar chruinnithe na ngrúpaí saineolaithe an Choimisiúin a bhíonn ag déileáil le hullmhú gníomhartha tarmligthe,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

---

1 IO L 123, 12.5.2016, lch. 1.

# TEIDEAL I
# FORÁLACHA GINEARÁLTA

*Airteagal 1*
*Ábhar*

Leis an Rialachán seo, leagtar síos na rialacha maidir leis na bearta um chaomhnú, um bainistiú, um shaothrú, um fhaireachán, um margaíocht agus um fhorfheidhmiú a chur i bhfeidhm ag an Aontas i leith táirgí iascaigh agus táirgí dobharshaothraithe, ar bearta iad arna mbunú ag an gCoimisiún Ginearálta Iascaigh don Mheánmhuir (CGIM).

*Airteagal 2*
*Raon Feidhme*

1. Tá feidhm ag an Rialachán seo maidir le gach gníomhaíocht iascaireachta tráchtála agus gníomhaíocht dobharshaothraithe tráchtála arna seoladh ag soithí iascaireachta an Aontais agus ag náisiúnaithe Ballstát i limistéar Chomhaontú CGIM.

Beidh feidhm aige gan dochar do Rialachán (CE) Uimh. 1967/2006 ón gComhairle[1].

[1] Rialachán (CE) Uimh. 1967/2006 ón gComhairle an 21 Nollaig 2006 maidir le bearta bainistithe i leith saothrú inbhuanaithe acmhainní iascaigh sa Mheánmhuir, lena leasaítear Rialachán (CEE) Uimh. 2847/93 agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 1626/94 (IO L 409, 30.12.2006, lch. 11).

2. De mhaolú ar mhír 1, ní bheidh feidhm ag an Rialachán seo maidir le hoibríochtaí iascaireachta a sheoltar chun críche imscrúduithe eolaíocha, agus chun na críche sin amháin, a dhéantar le cead agus faoi údarás an Bhallstáit a bhfuil a bhratach ar foluain ag an soitheach agus ar cuireadh an Coimisiún agus na Ballstáit a bhfuil an taighde á dhéanamh ina n-uiscí ar an eolas roimh ré, mura sonraítear a mhalairt sa Rialachán seo. Déanfaidh Ballstáit a bhfuil oibríochtaí iascaireachta á seoladh acu chun críche imscrúduithe eolaíocha an Coimisiún, na Ballstáit a bhfuil an taighde á dhéanamh ina n-uiscí agus an Coiste Eolaíoch, Teicniúil agus Eacnamaíoch d'Iascaigh a chur ar an eolas maidir le gach gabháil éisc a dhéantar mar chuid de na hoibríochtaí iascaireachta sin.

*Airteagal 3*

*Sainmhínithe*

Chun críocha an Rialacháin seo, beidh feidhm ag na sainmhínithe seo a leanas, i dteannta na sainmhínithe a leagtar síos in Airteagal 4 de Rialachán (AE) Uimh. 1380/2013, in Airteagal 2 de Rialachán (CE) Uimh. 1967/2006, in Airteagal 4 de Rialachán (CE) Uimh. 1224/2009 ón gComhairle[1], Airteagal 2, pointí (1) go (13), de Rialachán (AE) 2019/1022 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[2] agus Airteagal 6 de Rialachán (AE) 2019/1241 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[3]:

(1) ciallaíonn ‘limistéar Chomhaontú CGIM’ an Mheánmhuir agus an Mhuir Dhubh, de réir mar a thuairiscítear i gComhaontú CGIM;

---

1 Rialachán (CE) Uimh. 1224/2009 ón gComhairle an 20 Samhain 2009, lena mbunaítear córas rialaithe Aontais chun comhlíonadh rialacha an chomhbheartais iascaigh a áirithiú, lena leasaítear Rialacháin (CE) Uimh. 847/96, (CE) Uimh. 2371/2002, (CE) Uimh. 811/2004, (CE) Uimh. 768/2005, (CE) Uimh. 2115/2005, (CE) Uimh. 2166/2005, (CE) Uimh. 388/2006, (CE) Uimh. 509/2007, (CE) Uimh. 676/2007, (CE) Uimh. 1098/2007, (CE) Uimh. 1300/2008, (CE) Uimh. 1342/2008 agus lena n-aisghairtear Rialacháin (CEE) Uimh. 2847/93, (CE) Uimh. 1627/94 agus (CE) Uimh. 1966/2006, (IO L 343, 22.12.2009, lch. 1).

2 Rialachán (AE) 2019/1022 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 20 Meitheamh 2019 lena mbunaítear plean ilbhliantúil do na hiascaigh a shaothraíonn stoic ghrinnill sa Mheánmhuir Thiar agus lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 508/2014 (IO L 172, 26.6.2019, lch. 1).

3 Rialachán (AE) 2019/1241 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 20 Meitheamh 2019 maidir le hacmhainní iascaigh a chaomhnú agus éiceachórais mhuirí a chosaint trí bhearta teicniúla, lena leasaítear Rialacháin (CE) Uimh. 2019/2006 agus (CE) Uimh. 1224/2009 ón gComhairle agus Rialacháin (AE) Uimh. 1380/2013, (AE) 2016/1139, (AE) 2018/973, (AE) 2019/472 agus (AE) 2019/1022 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, agus lena n-aisghairtear Rialacháin (CE) Uimh. 894/97, (CE) Uimh. 850/98, (CE) Uimh. 2549/2000, (CE) Uimh. 254/2002, (CE) Uimh. 812/2004 agus (CE) Uimh. 2187/2005 ón gComhairle (IO L 198, 25.7.2019, lch. 105).

(2) ciallaíonn 'limistéar maolánach' crios atá mórthimpeall ar limistéar srianta iascaigh chun rochtain de thaisme air a sheachaint, rud a fheabhsaíonn an chosaint don limistéar a bhfuil an crios mórthimpeall air;

(3) ciallaíonn 'lá iascaireachta' aon tréimhse leanúnach 24 uair an chloig, nó cuid di, ina mbíonn soitheach i limistéar Chomhaontú CGIM agus as láthair ón gcalafort;

(4) ciallaíonn 'lámhleabhar an Chreata Tagartha do Bhailiú Sonraí (DCRF)' an lámhleabhar arna ullmhú ag an gCoiste Comhairleach Eolaíoch (SAC) agus arna fhormhuiniú ag CGIM a bhaineann le cur chun feidhme DCRF;

(5) ciallaíonn 'uimhir an Chláir Chomhchoitinn Cabhlaigh (CFR)' an uimhir a áirítear sa Chlár Comhchoiteann Cabhlaigh (CFR) mar a shainmhínítear in Airteagal 2, pointe (l), de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2017/218 ón gCoimisiún[1];

(6) ciallaíonn 'beomheáchan' meáchan na ngabhálacha úra arna meá díreach tar éis dheireadh na n-oibríochtaí iascaireachta nó, i gcás turais iascaireachta laethúla, sula dtugtar i dtír iad ag an láithreach tabhairt i dtír ar a dhéanaí;

(7) ciallaíonn 'oitir coiréalaigh dheirg' limistéar de mhéid athraitheach ina bhfuil coilíneachtaí coiréalaigh dheirg (*Corallium rubrum*) sách flúirseach;

(8) ciallaíonn 'coilíneacht coiréalaigh dheirg' an t-aonad bitheolaíoch a shaothraítear in iascaigh coiréalaigh dheirg (*Corallium rubrum*) agus is éard atá ann aonad géiniteach ina bhfuil na céadta/na mílte polaipí coiréalaigh dheirg, a d'fhéadfadh cruth cosúil le crann a bheith air agus roinnt brainsí air.

---

1 Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2017/218 ón gCoimisiún an 6 Feabhra 2017 maidir le clár cabhlaigh iascaireachta an Aontais (IO L 34, 9.2.2017, lch. 9).

## TEIDEAL II
## BEARTA BAINISTÍOCHTA, CAOMHNAITHE AGUS RIALAITHE A BHAINEANN LE SPEICIS ÁIRITHE

## Caibidil I
## Eascann Eorpach

*Airteagal 4*
*Raon Feidhme*

Tá feidhm ag an gCaibidil seo maidir le gach gníomhaíocht iascaireachta ina ngabhtar eascann Eorpach (*Anguilla anguilla*), eadhon iascaigh spriocdhírithe, theagmhasacha agus áineasa, in uiscí mara na Meánmhara dá bhforáiltear in Iarscríbhinn I, lena n-áirítear fionnuiscí agus uiscí trasdultacha agus goirt, amhail murlaigh agus inbhir.

*Airteagal 5*
*Limistéir shrianta iascaigh*

1. Féadfaidh na Ballstáit limistéir shrianta iascaigh a bhunú chun eascann Eorpach a chosaint tuilleadh. Beidh láithreach agus teorainneacha na limistéar sin comhsheasmhach le dáileadh phríomhgháthóga na heascainne Eorpaí sa Bhallstát lena mbaineann.

2. Cuirfear toirmeasc ar iascaireacht a dhéanamh ar eascanna Eorpacha sna limistéir dá dtagraítear i mír 1. Maidir le heiseamail a ghabhfar de thaisme sna limistéir sin, scaoilfear saor láithreach iad tar éis na gabhála.

*Airteagal 6*

*Bearta ginearálta*

Gan dochar do Rialachán (AE) 2019/1241, le pleananna bainistíochta náisiúnta agus bearta bainistíochta náisiúnta arna nglacadh ag na Ballstáit de bhun Airteagal 2 de Rialachán (CE) Uimh. 1100/2007 ón gComhairle[1], bunófar bearta teicniúla, amhail trealamh iascaireachta údaraithe agus méid an mhogaill.

*Airteagal 7*

*Bearta breise*

1. Féadfaidh na Ballstáit bearta deonacha a ghlacadh chun a bplean bainistíochta náisiúnta nó a mbearta bainistíochta náisiúnta a chomhlánú, i gcomhréir le hAirteagal 2 de Rialachán (CE) Uimh. 1100/2007, agus á gcur san áireamh, *inter alia*, stádas caomhnaithe na heascainne Eorpaí ina n-uiscí, tionchar gníomhaíochtaí iascaireachta ina ngabhtar eascanna Eorpacha ina n-uiscí agus foinsí básmhaireachta antrapaigineacha eile.

---

[1] Rialachán (CE) Uimh. 1100/2007 ón gComhairle an 18 Meán Fómhair 2007 lena mbunaítear bearta chun an stoc eascann Eorpach a athshlánú (IO L 248, 22.9.2007, lch. 17).

2. Cuirfidh na Ballstáit na bearta a ghlactar i gcomhréir le mír 1 in iúl don Choimisiún dhá sheachtain tar éis a dteacht i bhfeidhm ar a dhéanaí agus tarchuirfidh an Coimisiún na bearta sin chuig Rúnaíocht CGIM laistigh de mhí amháin tar éis a dteacht i bhfeidhm.

*Airteagal 8*

*Bearta a chur chun feidhme*

1. Soláthróidh na Ballstáit tuarascáil ar chur chun feidhme na mbeart sin a leagtar amach sa Chaibidil seo don Choimisiún tráth nach déanaí ná aon mhí roimh an 45ú seisiún de CGIM.

2. Tarchuirfidh an Coimisiún an tuarascáil dá dtagraítear i mír 1 chuig Rúnaíocht CGIM tráth nach déanaí ná an 45ú seisiún de CGIM. Féadfar a áireamh sa tuarascáil sin meastachán ar thionchar na mbeart a áirítear sna pleananna bainistíochta náisiúnta agus in aon bheart eile.

*Airteagal 9*

*Údarú iascaireachta*

1. Cuirfidh na Ballstáit liosta de na soithí iascaireachta údaraithe uile in iúl don Choimisiún, de bhun Airteagal 11(1) de Rialachán (CE) Uimh. 1100/2007, faoin 10 Meitheamh gach bliain. Tarchuirfidh an Coimisiún an liosta sin chuig Rúnaíocht CGIM faoin 30 Meitheamh gach bliain.

2. Tarchuirfidh na Ballstáit aon athrú ar an liosta dá dtagraítear i mír 1 chuig an gCoimisiún láithreach. Cuirfidh an Coimisiún na hathruithe sin in iúl do Rúnaíocht CGIM gan mhoill.

*Airteagal 10*

*Uiscí trasdultacha agus goirt údaraithe*

1. Faoin 1 Eanáir 2020, leagfaidh na Ballstáit síos liosta de na huiscí trasdultacha agus goirt údaraithe uile, amhail murlaigh agus inbhir, ina gcuirtear buanghléas éighníomhach saothraithe éisc traidisiúnta le haghaidh gabhálacha eascanna Eorpacha agus coinneoidh siad an liosta sin cothrom le dáta.

2. Cuirfidh na Ballstáit an liosta dá dtagraítear i mír 1 in iúl don Choimisiún faoin 10 Meitheamh gach bliain. Tarchuirfidh an Coimisiún an liosta sin chuig Rúnaíocht CGIM faoin 30 Meitheamh gach bliain.

3. Tarchuirfidh na Ballstáit aon athrú ar an liosta dá dtagraítear i mír 1 chuig an gCoimisiún láithreach. Cuirfidh an Coimisiún na hathruithe sin in iúl do Rúnaíocht CGIM gan mhoill.

*Airteagal 11*

*Láithreacha tabhairt i dtír ainmnithe*

1. Ní cheadófar tabhairt i dtír eascanna Eorpacha ach sna láithreacha tabhairt i dtír arna n-ainmniú ag gach Ballstát chun na críche sin.

2. De mhaolú ar mhír 1, féadfaidh na Ballstáit bearta a chur i bhfeidhm de rogha ar láithreacha tabhairt i dtír ainmnithe, ar choinníoll go gcuireann na bearta sin go héifeachtach leis an gcomhrac i gcoinne iascaireacht neamhdhleathach, neamhthuairiscithe agus neamhrialáilte (NNN).

*Airteagal 12*

*Gabhálacha a thaifeadadh*

1. Maidir leis na hiascairí nó maistrí na soithí a údaraítear chun eascanna Eorpacha a shaothrú, déanfaidh siad a ngabhálacha a thaifeadadh de réir beomheáchain, beag beann ar bheomheáchan na gabhála nó an tsaothraithe.

2. I gcás uiscí trasdultacha agus goirt, amhail murlaigh agus inbhir ina ndéantar eascanna Eorpacha a ghabháil go fóill le buanghléas éighníomhach saothraithe éisc traidisiúnta, taifeadfaidh iascairí nó máistrí na soithí iascaireachta údaraithe a ngabhálacha i mbeomheáchan.

3. Gan dochar d'Airteagal 14 de Rialachán (CE) Uimh. 1224/2009, déanfaidh máistrí soithí a ngabhálacha laethúla eascanna Eorpacha a thaifeadadh sa logleabhar, beag beann ar bheomheáchan an tsaothraithe.

# Caibidil II

# Séacla mór dearg, séacla gorm agus dearg

## ROINN I

## MUIR NA LEIVEAINTE

*Airteagal 13*

*Raon Feidhme*

Tá feidhm ag an Roinn seo maidir leis na gníomhaíochtaí iascaireachta tráil lena ndírítear ar an séacla mór dearg (*Aristaeomorpha foliacea*) agus ar an séacla gorm agus dearg (*Aristeus antennatus*), a oibríonn i bhfo-limistéir gheografacha (FLGanna) 24, 25, 26 agus 27 dá bhforáiltear in Iarscríbhinn I.

*Airteagal 14*

*Faireachán eolaíoch*

Áiritheoidh na Ballstáit go ndéanfar faireachán eolaíoch leordhóthanach gach bliain ar stádas na speiceas a áirítear faoi raon feidhme na roinne seo, lena gceadófar do SAC a chomhairle a ullmhú, ar comhairle í lena gcuirtear gnéithe bitheolaíocha, socheacnamaíocha agus comhshaoil san áireamh.

*Airteagal 15*

*Liosta na soithí údaraithe agus gníomhacha*

1. Cuirfidh na Ballstáit chuig an gCoimisiún, faoin 10 Eanáir gach bliain, liosta de na soithí iascaireachta uile a bheidh údaraithe iascaireacht a dhéanamh i mbliain ar leith, ar na speicis a liostaítear in Airteagal 13 agus atá i mbun iascaireacht ghníomhach i leith na speiceas sin. Tarchuirfidh an Coimisiún an liosta sin chuig Rúnaíocht CGIM faoin 31 Eanáir gach bliain. Áireofar sa liosta sin, i gcás gach soithigh, an fhaisnéis dá dtagraítear in Iarscríbhinn VIII.

2. Ní bheidh cead ag aon soitheach iascaireachta nach n-áirítear sa liosta a bhunaítear faoi mhír 1 in aon turas iascaireachta ar leith iascaireacht a dhéanamh ar níos mó ná 3 % de bheomheáchan iomlán ghabháil na speiceas a liostaítear in Airteagal 13, ná ní bheidh cead aige níos má ná an méid sin a choinneáil ar bord ná a thabhairt i dtír ach an oiread.

3. Maidir le liosta na soithí iascaireachta údaraithe, tabharfaidh na Ballstáit fógra don Choimisiún go pras maidir le haon ábhar a chuirtear leis an liosta, nó a scriostar uaidh nó aon athrú ar an liosta, aon tráth a tharlaíonn na hathruithe sin. Tarchuirfidh an Coimisiún na hathruithe sin chuig Rúnaíocht CGIM gan mhoill.

*Airteagal 16*

*Gníomhaíochtaí iascaireachta*

Faoin 31 Iúil gach bliain, cuirfidh na Ballstáit tuarascáil mhionsonraithe maidir le gníomhaíochtaí iascaireachta soithí iascaireachta a oibríonn laistigh de raon feidhme na roinne seo faoi bhráid an Choimisiúin don bhliain roimhe sin. Tarchuirfidh an Coimisiún an tuarascáil sin chuig Rúnaíocht CGIM faoin 31 Lúnasa gach bliain. Áireofar sa tuarascáil sin ar a laghad na nithe seo a leanas:

(1) laethanta oibríochta;

(2) limistéar oibríochta;

(3) gabháil iomlán.

Airteagal 17

*Srianta spásúla nó ama breise*

1. Féadfaidh na Ballstáit srianta spásúla nó ama a ainmniú sa bhreis ar na srianta atá ann lena bhféadfar toirmeasc nó srianta a chur ar ghníomhaireachtaí iascaireachta chun limistéir chomhthiomsaithe d'éisc óga a chosaint.

2. Cuirfidh na Ballstáit an Coimisiún ar an eolas faoi na srianta spásúla nó ama breise sin nuair a bhunófar iad. Tabharfaidh an Coimisiún fógra faoi sin do Rúnaíocht CGIM gan mhoill.

*Airteagal 18*

*Oibleagáidí maidir le tuairisciú*

D'ainneoin Airteagal 14(1) de Rialachán (CE) Uimh. 1224/2009, dearbhóidh iascairí nó máistrí soithí iascaireachta údaraithe atá ag iascaireacht go gníomhach laistigh de raon feidhme na roinne seo gach gabháil agus foghabháil de shéacla mór dearg agus de shéacla gorm agus dearg, beag beann ar bheomheáchan na gabhála.

*Airteagal 19*

*Láithreacha tabhairt i dtír ainmnithe*

1. Ainmneoidh na Ballstáit láithreacha tabhairt i dtír ina ndéanfaidh na soithí a bheidh i mbun iascaireacht ghníomhach laistigh de raon feidhme na roinne seo tabhairt i dtír agus trasloingsiú. I gcás gach láithrigh tabhairt i dtír ainmnithe, sonróidh na Ballstáit na hamanna agus na láithreacha ina gceadófar tabhairt i dtír agus trasloingsiú.

2. Cuirfear toirmeasc ar aon chainníocht speiceas a áirítear laistigh de raon feidhme na roinne seo a thabhairt i dtír nó a thrasloingsiú ó shoithí iascaireachta in aon áit eile cé is moite de na láithreacha tabhairt i dtír a ainmníonn na Ballstáit i gcomhréir le mír 1.

3. Cuirfidh na Ballstáit in iúl don Choimisiún aon athrú ar liosta na láithreacha tabhairt i dtír a ainmnítear faoin 15 Samhain gach bliain. Tarchuirfidh an Coimisiún an liosta sin chuig Rúnaíocht CGIM faoin 30 Samhain gach bliain.

*Airteagal 20*

*Córas um Fhaireachán Soithí*

D'ainneoin Airteagal 9 de Rialachán (CE) Uimh. 1224/2009, maidir leis na soithí uile ar mó ná 10 méadar a bhfad foriomlán atá i mbun iascaireacht ghníomhach laistigh de raon feidhme na roinne seo, beidh siad feistithe le córas um fhaireachán soithí (VMS).

*Airteagal 21*

*Logleabhair*

D'ainneoin Airteagal 14(1) de Rialachán (CE) Uimh. 1224/2009, beidh logleabhar ar bord soithí iascaireachta a oibríonn laistigh de raon feidhme na roinne seo ina ndéanfar gabhálacha laethúla de shéacla mór dearg agus ar shéacla gorm agus dearg a thaifeadadh agus a dhearbhú, beag beann ar bheomheáchan na gabhála, i comhréir le Airteagal 18 den Rialachán seo.

## ROINN II

## AN MHUIR IÓNACH

*Airteagal 22*

*Raon Feidhme*

Tá feidhm ag an roinn seo maidir leis na gníomhaíochtaí iascaireachta tráil uile lena ndírítear ar shéacla mór dearg (*Aristaeomorpha foliacea*) agus ar shéacla gorm agus dearg (*Aristeus antennatus*) in FLGanna 19, 20 agus 21 dá bhforáiltear in Iarscríbhinn I.

*Airteagal 23*

*Faireachán eolaíoch*

Áiritheoidh na Ballstáit go ndéanfar faireachán eolaíoch leordhóthanach gach bliain ar stádas na speiceas a áirítear faoi raon feidhme na roinne seo, lena gceadófar do SAC a chomhairle a ullmhú, ar comhairle í lena gcuirtear gnéithe bitheolaíocha, socheacnamaíocha agus comhshaoil san áireamh.

*Airteagal 24*

*Liosta na soithí údaraithe agus gníomhacha*

1. Cuirfidh na Ballstáit liosta de na soithí iascaireachta uile a bhfuil a mbratach ar foluain acu a údaraítear na speicis a liostaítear in Airteagal 22 a iascach agus atá i mbun iascaireacht ghníomhach ar na speicis sin do bhliain ar leith faoi bhráid an Choimisiúin faoin 10 Eanáir gach bliain. Tarchuirfidh an Coimisiún an liosta sin chuig Rúnaíocht CGIM faoin 31 Eanáir gach bliain. Áireofar sa liosta sin, i gcás gach soithigh, an fhaisnéis dá dtagraítear in Iarscríbhinn VIII.

2. Aon soitheach iascaireachta nach n-áirítear sa liosta dá dtagraítear i mír 1, ní bheidh cead aici in aon turas iascaireachta ar leith iascaireacht a dhéanamh ar níos mó ná 3 % de bheomheáchan iomlán ghabháil na speiceas a liostaítear in Airteagal 22, ná ní bheidh aici níos mó má ná an méid sin a choinneáil ar bord ná a thabhairt i dtír ach an oiread.

3. Maidir le liosta na soithí iascaireachta údaraithe, tabharfaidh na Ballstáit fógra don Choimisiún go pras maidir le haon ábhar a chuirtear leis an liosta, nó a scriostar uaidh agus/nó aon athrú ar an liosta, aon tráth a tharlaíonn na hathruithe sin. Tarchuirfidh an Coimisiún na hathruithe sin chuig Rúnaíocht CGIM gan mhoill.

*Airteagal 25*

*Gníomhaíochtaí iascaireachta*

Faoin 31 Iúil gach bliain cuirfidh na Ballstáit tuarascáil mhionsonraithe maidir le gníomhaíochtaí iascaireachta soithí iascaireachta a oibríonn laistigh de raon feidhme na roinne seo faoi bhráid an Choimisiúin don bhliain roimhe sin. Tarchuirfidh an Coimisiún an tuarascáil sin chuig Rúnaíocht CGIM faoin 31 Lúnasa gach bliain. Áireofar sa tuarascáil sin ar a laghad na nithe seo a leanas:

(1) laethanta oibríochta;

(2) limistéar oibríochta;

(3) gabháil iomlán.

*Airteagal 26*

*Srianta spásúla nó ama breise*

1. Féadfaidh na Ballstáit srianta spásúla nó ama a ainmniú sa bhreis ar na srianta atá ann lena bhféadfar toirmeasc nó srianta a chur ar ghníomhaireachtaí iascaireachta chun limistéir comhthiomsaithe éisc óga a chosaint.

2. Cuirfidh na Ballstáit an Coimisiún ar an eolas faoi na srianta spásúla nó ama breise sin nuair a bhunófar iad. Tabharfaidh an Coimisiún fógra faoi sin do Rúnaíocht CGIM gan mhoill.

*Airteagal 27*

*Oibleagáidí maidir le tuairisciú*

D'ainneoin Airteagal 14(1) de Rialachán (CE) Uimh. 1224/2009, dearbhóidh iascairí nó máistrí soithí iascaireachta údaraithe atá ag iascaireacht go gníomhach laistigh de raon feidhme na roinne seo gach gabháil agus foghabháil de shéacla mór dearg agus de shéacla gorm agus dearg, beag beann ar bheomheáchan na gabhála.

*Airteagal 28*

*Láithreacha tabhairt i dtír ainmnithe*

1. Ainmneoidh na Ballstáit láithreacha tabhairt i dtír ina ndéanfaidh na soithí a bheidh i mbun iascaireacht ghníomhach laistigh de raon feidhme na roinne seo tabhairt i dtír agus trasloingsiú. I gcás gach láithrigh tabhairt i dtír ainmnithe, sonróidh na Ballstáit na hamanna agus na láithreacha ina gceadófar tabhairt i dtír agus trasloingsiú.

2. Cuirfear toirmeasc ar aon chainníocht speiceas a áirítear laistigh de raon feidhme na roinne seo a thabhairt i dtír nó a thrasloingsiú ó shoithí iascaireachta in aon áit eile cé is moite de na láithreacha tabhairt i dtír a ainmníonn na Ballstáit i gcomhréir le mír 1.

3. Cuirfidh na Ballstáit in iúl don Choimisiún aon athrú ar liosta na láithreacha tabhairt i dtír a ainmnítear faoin 31 Deireadh Fómhair gach bliain. Tarchuirfidh an Coimisiún an liosta sin chuig Rúnaíocht CGIM faoin 30 Samhain gach bliain.

*Airteagal 29*

*Córas um fhaireachán soithí*

D'ainneoin Airteagal 9(2) de Rialachán (CE) Uimh. 1224/2009, maidir leis na soithí uile ar mó ná 10 méadar a bhfad foriomlán atá i mbun iascaireacht ghníomhach laistigh de raon feidhme na roinne seo, beidh siad feistithe le VMS.

*Airteagal 30*

*Logleabhair*

D'ainneoin Airteagal 14(1) de Rialachán (CE) Uimh. 1224/2009, beidh logleabhar ar bord ag soithí iascaireachta údaraithe a oibríonn laistigh de raon feidhme na roinne seo ina ndéanfar gabhálacha laethúla de shéacla mór dearg agus de shéacla gorm agus dearg a thaifeadadh agus a dhearbhú, beag beann ar bheomheáchan na gabhála, i gcomhréir le hAirteagal 27 den Rialachán seo.

## ROINN III

## CAOLAS NA SICILE

*Airteagal 31*

*Raon Feidhme*

Tá feidhm ag an roinn seo maidir leis na gníomhaíochtaí iascaireachta tráil uile lena ndírítear ar shéacla mór dearg (*Aristaeomorpha foliacea*) agus ar shéacla gorm agus dearg (*Aristeus antennatus*) in FLGanna 12, 13, 14, 15 agus 16 dá bhforáiltear in Iarscríbhinn I.

*Airteagal 32*

*Bearta bainistíochta cabhlaigh*

Áiritheoidh na Ballstáit go gcoinneofar ar bun a dtoilleadh cabhlach chun speicis a shaothrú faoi raon feidhme na roinne seo ag na leibhéil a bhunaítear i dTábla A d'Iarscríbhinn XII.

*Airteagal 33*

*Faireachán eolaíoch*

Áiritheoidh na Ballstáit go ndéanfar faireachán eolaíoch leordhóthanach gach bliain ar stádas na speiceas a áirítear faoi raon feidhme na roinne seo, lena gceadófar do SAC a chomhairle a ullmhú ar comhairle í ar cheart gnéithe bitheolaíocha, socheacnamaíocha agus comhshaoil a chur san áireamh inti.

*Airteagal 34*

*Liosta na soithí údaraithe agus gníomhacha*

1. Cuirfidh na Ballstáit liosta de na soithí iascaireachta uile a bhfuil a mbratach ar foluain acu arna n-údarú leis na speicis a liostaítear in Airteagal 31 do bhliain ar leith a iascach agus atá i mbun iascaireachta ghníomhaí ar an speiceas sin don Choimisiún faoin 10 Meitheamh gach bliain. Tarchuirfidh an Coimisiún an liosta sin chuig Rúnaíocht CGIM faoin 30 Meitheamh gach bliain. Áireofar sa liosta sin, i gcás gach soithigh, an fhaisnéis dá dtagraítear in Iarscríbhinn VIII.

2. Maidir le liosta na soithí iascaireachta údaraithe, tabharfaidh na Ballstáit fógra don Choimisiún go pras maidir le haon ábhar a chuirtear leis an liosta, nó a scriostar uaidh nó aon athrú ar an liosta, aon tráth a tharlaíonn na hathruithe sin. Tarchuirfidh an Coimisiún na hathruithe sin chuig Rúnaíocht CGIM gan mhoill.

*Airteagal 35*

*Gníomhaíochtaí iascaireachta*

Faoin 15 Samhain gach bliain cuirfidh na Ballstáit tuarascáil mhionsonraithe maidir le gníomhaíochtaí iascaireachta soithí iascaireachta a oibríonn laistigh de raon feidhme na roinne seo faoi bhráid an Choimisiúin don bhliain roimhe sin. Tarchuirfidh an Coimisiún an tuarascáil sin chuig Rúnaíocht CGIM faoin 30 Samhain gach bliain. Áireofar sa tuarascáil sin ar a laghad na nithe seo a leanas:

(1) laethanta oibríochta;

(2) limistéar oibríochta;

(3) gabháil iomlán na bpríomhspeiceas a liostaítear in Airteagal 31.

*Airteagal 36*

*Srianta spásúla nó ama breise*

1. Féadfaidh na Ballstáit srianta spásúla nó ama a ainmniú sa bhreis ar na srianta atá ann lena bhféadfar toirmeasc nó srianta a chur ar ghníomhaireachtaí iascaireachta chun limistéir comhthiomsaithe éisc óga a chosaint.

2. Cuirfidh na Ballstáit an Coimisiún ar an eolas faoi na srianta spásúla nó ama breise sin nuair a bhunófar iad. Tabharfaidh an Coimisiún fógra faoi sin do Rúnaíocht CGIM gan mhoill.

*Airteagal 37*

*Láithreacha tabhairt i dtír ainmnithe*

1. Ainmneoidh na Ballstáit láithreacha tabhairt i dtír ina ndéanfaidh na soithí a bheidh i mbun iascaireacht ghníomhach laistigh de raon feidhme na roinne seo tabhairt i dtír.

2. Cuirfear toirmeasc ar aon chainníocht speiceas a liostaítear in Airteagal 31 a thabhairt i dtír nó a thrasloingsiú ó shoithí iascaireachta in aon áit eile cé is moite de na láithreacha tabhairt i dtír a d'ainmnigh na Ballstáit i gcomhréir le mír 1.

3. Dearbhóidh iascairí nó máistrí na soithí iascaireachta údaraithe atá i mbun iascaireacht ghníomhach laistigh de raon feidhme na roinne seo gabhálacha na speiceas a liostaítear in Airteagal 31, beag beann ar bheomheáchan na gabhála.

## Caibidil III

## Coiréalach dearg a chaomhnú agus a shaothrú go hinbhuanaithe

*Airteagal 38*

*Raon Feidhme*

1. Beidh feidhm ag an gCaibidil seo maidir le gach gníomhaíocht iascaireachta tráchtála ina saothraítear coiréalach dearg (*Corallium rubrum*), in uiscí mara uile na Meánmhara, dá bhforáiltear in Iarscríbhinn I.

2. Cuirfear toirmeasc ar ghabháil agus coinneáil ar bord, trasloingsiú nó tabhairt i dtír coiréalaigh dheirg chun críche iascach áineasa.

3. Beidh feidhm ag an gCaibidil seo gan dochar d'Airteagal 4(2) de Rialachán (CE) Uimh. 1967/2006, Airteagal 7 de Rialachán (AE) 2019/1241 ná d'aon bhearta níos déine a eascraíonn as Treoir 92/43/CEE ón gComhairle[1].

*Airteagal 39*

*Pleananna bainistíochta náisiúnta*

1. Glacfaidh na Ballstáit pleananna bainistíochta náisiúnta i ndáil le coiréalach dearg.

---

[1] Treoir 92/43/CEE ón gComhairle an 21 Bealtaine 1992 maidir le gnáthóga nádúrtha agus fána agus flóra fiáin a chaomhnú (IO L 206, 22.7.1992, lch. 7).

2. Ag brath ar an bhfaisnéis eolaíoch atá ar fáil, déanfar an bhainistíocht ar leibhéal na hoitreach coiréalaigh dheirg, ar leibhéal dhronuilleog staidrimh CGIM nó ar an leibhéal náisiúnta. Áireofar in aon phlean bainistíochta náisiúnta ar a laghad na heilimintí a liostaítear in Airteagail 40, 41, 42, 44 go 50, 52, 53 agus 56.

3. Cuirfidh na Ballstáit a bplean bainistíochta náisiúnta don choiréalach dearg faoi bhráid an Choimisiúin 10 lá oibre tar éis a ghlactha agus tarchuirfidh an Coimisiún iad chuig Rúnaíocht CGIM 15 lá oibre tar éis a ghlactha ar a dhéanaí. Cuirfidh na Ballstáit aon phlean bainistíochta náisiúnta nuashonraithe don choiréalach dearg faoi bhráid an Choimisiúin arís. Tarchuirfidh an Coimisiún é chuig Rúnaíocht CGIM, go háirithe nuair a chinnfear tréimhsí coiscthe nó tréimhsí oscailte oitreacha coiréalaigh dheirg.

*Airteagal 40*

*Fearas agus feistí*

Maidir le coiréalach dearg a shaothrú, ní cheadófar mar fhearas ach casúr a úsáideann soithí nó iascairí arna n-údarú sa scúbadóireacht, arb iascairí iad atá aitheanta nó údaraithe ag an údarás inniúil náisiúnta. Le linn an tsaothraithe, áiritheoidh an t-iascaire údaraithe nach bhfuil bonn na coilíneachta coiréalaigh scartha ón tsubstráit.

*Airteagal 41*

*Íosdoimhneacht saothraithe*

1. Toirmeascfar coiréalach dearg a shaothrú ag doimhneachtaí nach lú ná 50 méadar.

2. Tá sé de chumhacht ag an gCoimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 140 den Rialachán seo agus le hAirteagal 18(1) go (6) de Rialachán (AE) Uimh. 1380/2013 chun maoluithe ar mhír 1 den Airteagal seo a dheonú.

3. Beidh an méid a leanas i gceangal le moltaí comhpháirteacha a thíolacfar de bhun Airteagal 18(1) de Rialachán (AE) Uimh. 1380/2013 d'fhonn maolaithe, amhail dá dtagraítear i mír 2 den Airteagal seo:

   (a) faisnéis mhionsonraithe maidir leis an gcreat náisiúnta bainistithe;

   (b) na réasúin eolaíocha nó teicniúla;

   (c) liosta de na soithí iascaireachta nó líon na n-údaruithe arna ndeonú, maidir le coiréalach dearg a shaothrú ag doimhneachtaí atá níos lú ná 50 méadar; agus

   (d) liosta de na criosanna iascaireachta ina bhfuil saothrú den sórt sin údaraithe, arna sainaithint le comhordanáidí geografacha ar talamh agus ar muir araon.

4. Deonófar na maoluithe dá dtagraítear i mír 2 den Airteagal seo i gcás ina gcomhlíonfar na coinníollacha a leanas:

(a) gur cuireadh na maoluithe sin chun feidhme go leanúnach trí bhíthin rialacha bainistithe le linn na 5 bliana ar a laghad roimh an 18 Aibreán 2020; nó

(b) i gcás maolú nua, tacóidh SAC leis, ag léiriú go bhfuil a iarraidh i gcomhréir le cuspóirí na Caibidle seo.

5. Cuirfidh an Coimisiún Rúnaíocht CGIM ar an eolas faoi na bearta a ghlacfar de bhun mhír 2

*Airteagal 42*

*Íosmhéid tagartha caomhnaithe*

1. Coiréalach dearg ó choilíneachtaí coiréalaigh dheirg a bhfuil trastomhas níos lú ná 7 mm ann ag an stoc, é sin arna thomhas laistigh de cheintiméadar amháin de bhonn na coilíneachta, ní dhéanfar é a shaothrú, a choinneáil ar bord, a athlastáil, a thabhairt i dtír, a aistriú, a stóráil, a dhíol ná a thaispeáint ná a chur ar díol mar amhtháirge.

2. Cumhachtófar don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh lena bhforlíontar an Rialachán seo i gcomhréir le hAirteagal 140 den Rialachán seo agus Airteagal 18(1) go (6) de Rialachán (AE) Uimh. 1380/2013, de mhaolú ar mhír 1, chun uasteorainn lamhháltais 10 % de réir beomheáchain a údarú i gcás coilíneachtaí coiréalaigh dheirg atá róbheag (< 7 mm).

3. Maidir le moltaí comhpháirteacha a thíolacfar de bhun Airteagal 18(1) de Rialachán (AE) Uimh. 1380/2013 i bhfianaise maolaithe dá dtagraítear i mír 2 den Airteagal seo, beidh i gceangal leo na réasúin eolaíocha nó teicniúla maidir leis an maolú sin.

4. Cuirfidh an Coimisiún Rúnaíocht CGIM ar an eolas faoi na bearta a ghlacfar de bhun mhír 2.

*Airteagal 43*

*Tarchur na sonraí maidir le saothrú agus iarracht*

Cuirfidh na Ballstáit an saothrú agus an iarracht a rinneadh an bhliain roimhe sin in iúl don Choimisiún, faoin 15 Meitheamh gach bliain. Tarchuirfidh an Coimisiún na sonraí sin chuig Rúnaíocht CGIM faoin 30 Meitheamh gach bliain.

*Airteagal 44*

*Teorainneacha gabhála*

1. Féadfaidh gach Ballstát córas teorainneacha laethúla agus/nó bliantúla saothraithe agus/nó iarrachta iascaireachta a bhunú i ndáil lena n-iascairí údaraithe agus a soithí iascaireachta údaraithe. Beidh na teorainneacha sin comhsheasmhach le líon na n-údaruithe iascaireachta a deonaíodh, leis na teorainneacha bliantúla saothraithe agus leis na teorainneacha iarrachta iascaireachta a socraíodh don Bhallstát lena mbaineann.

2. I gcás bliain ar leith agus oitir coiréalaigh dheirg atá sainaitheanta mar is ceart, nó, ar scála dhronuilleog staidrimh CGIM ábhartha mura bhfuil oitir coiréalaigh dheirg sainaitheanta mar is ceart, maidir le cion na gcoilíneachtaí arna saothrú faoi bhun na híosmhéide tagartha caomhnaithe, mar a fhoráiltear in Airteagal 42, sna cásanna seo a leanas:

(a) más lú é ná 10 % den ghabháil iomlán a shaothrófar ar oitir coiréalaigh dheirg ar leith i mbliain ar leith, déanfaidh na Ballstáit nach bhfuil plean bainistíochta náisiúnta i bhfeidhm acu bearta rialaithe níos déine a chur i bhfeidhm sa limistéar lena mbaineann;

(b) más mó ná 10 % agus más lú ná 25 % é den ghabháil iomlán a shaothrófar ar oitir coiréalaigh dheirg i mbliain ar leith, cuirfidh na Ballstáit rialú níos déine i bhfeidhm sa limistéar lena mbaineann agus déanfaidh siad suirbhéireacht ar struchtúr méide phobal na hoitreach coiréalaigh dheirg, beag beann ar phlean bainistithe náisiúnta a bheith ann.

3. Nuair a bhainfear amach tairseach gabhála coiréalaigh dheirg dá dtagraítear i mír 4 agus mír 5, déanfaidh na Ballstáit an limistéar lena mbaineann a chosc ar bhonn sealadach ar iascach coiréalaigh dheirg.

4. Measfar an tairseach gabhála a bheith bainte amach nuair is mó líon na gcoilíneachtaí coiréalaigh dheirg ar lú a n-íostrastomhas ná 7 mm, nuair is mó a líon sin ná 25 % den ghabháil iomlán a shaothrófar ar oitir coiréil dheirg ar leith i mbliain ar leith.

5. I gcásanna nár sainaithníodh oitreacha coiréil i gceart go fóill, beidh feidhm ag an tairseach gabhála agus an tréimhse choiscthe dá bhforáiltear i mír 3 ar leibhéal dhronuilleog staidrimh CGIM tréimhsí oscailte atá ábhartha.

6. Déanfaidh na Ballstáit na bearta is gá chun tréimhsí coiscthe réamhchúraim dá bhforáiltear i mír 3 a chur chun feidhme. Ina gcinneadh lena mbunaítear tréimhse choiscthe, saineoidh na Ballstáit limistéar geografach mheá an tsaothraithe a ndéantar difear di, an fad a mhairfidh an tréimhse choiscthe agus na coinníollacha lena rialaítear na hiascaigh sa limistéar sin le linn na tréimhse coiscthe, mar aon leis na coinníollacha maidir leis an iascach a athoscailt.

7. Féadfaidh na Ballstáit riail na gluaiseachta le haghaidh soithí iascaireachta scor den iascaireacht agus gluaiseacht sa treo ar lú an seans go mbeidh tuilleadh teagmhála le coilíneachtaí, an riail sin a chur chun feidhme, d’fhonn an tairseach gabhála dá dtagraítear i mír 4 a sheachaint agus d’fhonn a áirithiú go ndéanfar na coilíneachtaí a shaothrú agus a théarnamh ar an mbealach is fearr.

8. Nuair a chuirfidh na Ballstáit riail na gluaiseachta dá dtagraítear i mír 7 chun feidhme, tabharfaidh siad fógra faoi sin don Choimisiún láithreach agus tabharfaidh an Coimisiún fógra do Rúnaíocht CGIM.

9. Féadfaidh na Ballstáit córas uainíocht na mbarr a chur chun feidhme idir a n-oitreacha coiréalaigh dheirg chun saothrú agus téarnamh is fearr na gcoilíneachtaí a áirithiú.

10. Nuair a chuirfidh na Ballstáit córas uainíocht na mbarr dá dtagraítear i mír 9 chun feidhme, tabharfaidh siad fógra don Choimisiún láithreach faoi sin agus tabharfaidh an Coimisiún fógra do Rúnaíocht CGIM.

*Airteagal 45*

*Tréimhsí coiscthe spásúla nó ama*

1. Mar aon leis na tréimhsí coiscthe atá bunaithe ar an leibhéal náisiúnta cheana, Ballstáit atá ag saothrú coiréalach dearg go gníomhach, féadfaidh siad tréimhsí coiscthe spásúla nó ama breise a thabhairt isteach chun coiréalach dearg a chosaint ar bhonn na comhairle eolaíche atá ar fáil.

2. Ballstáit a bhunóidh tréimhsí coiscthe, cuirfidh siad an méid sin in iúl do Rúnaíocht CGIM agus don Choimisiún gan mhoill.

*Airteagal 46*

*Feithiclí cianrialaithe faoi uisce (ROVanna)*

1. Toirmeascfar feithiclí cianrialaithe faoi uisce (ROVanna) a úsáid sa limistéar dá dtagraítear in Airteagal 38.

2. De mhaolú ar mhír 1, ceadaítear ROVanna a úsáid chun críocha eolaíocha amháin laistigh de chlár taighde CGIM go dtí deireadh an chláir sin.

*Airteagal 47*

*Bearta bainistíochta cabhlaigh*

1. Ní bheidh soithí nó iascairí údaraithe chun coiréalach dearg a shaothrú sa Mheánmhuir, ach amháin má tá údarú bailí iascaireachta acu, arna eisiúint ag údarás an Bhallstáit brataí nó ag údaráis an Bhallstáit cósta ina ndéantar na gníomhaíochtaí iascaireachta. Saineofar sna húdaruithe sin na coinníollacha teicniúla faoinar féidir iascach a dhéanamh.

2. I gcás nach ann d'údarú amhail dá dtagraítear i mír 1, cuirfear toirmeasc ar choiréalach dearg a shaothrú, a choimeád ar bord, a thrasloingsiú, a thabhairt i dtír, a aistriú, a stóráil, a dhíol nó a chur ar taispeáint nó a thairiscint lena dhíol.

3. Ní fhéadfar údarú iascaireachta a dheonú ach amháin d'iascaire (tumadóir) a chomhlíonann na caighdeáin maidir le tumadóireacht phroifisiúnta i gcomhréir leis an reachtaíocht náisiúnta.

4. Coinneoidh na Ballstáit clár cothrom le dáta d'údaruithe iascaireachta dá dtagraítear i mír 1 agus cuirfidh siad chuig an gCoimisiún, faoin 15 Meitheamh gach bliain, liosta na n-iascairí agus/nó soithí ar eisíodh na húdaruithe dá dtagraítear i mír 1 lena n-aghaidh. Cuirfidh an Coimisiún an liosta sin in iúl do Rúnaíocht CGIM tráth nach déanaí ná an 30 Meitheamh gach bliain. Beidh an fhaisnéis dá dtagraítear in Iarscríbhinn VIII i dtaca le gach soitheach ar a laghad, ar an liosta.

5. Ní mhéadóidh na Ballstáit líon na n-údaruithe iascaireachta dá dtagraítear i mír 1 go dtí go léireofar le comhairle eolaíoch arna bailíochtú ag SAC gur tháinig athfhorbairt ar phobail na gcoiréalach go dtí leibhéil inbhuanaithe le gur féidir saothrú méadaithe a chothú.

*Airteagal 48*

*Láithreacha tabhairt i dtír ainmnithe*

Ní dhéanfaidh iascairí údaraithe ná soithí údaraithe gabhálacha coiréalaigh dheirg a thabhairt i dtír agus a thrasloingsiú ach amháin i láithreacha tabhairt i dtír ainmnithe. Chun na críche sin, ainmneoidh gach Ballstát láithreacha tabhairt i dtír ina bhfuil sé údaraithe coiréalach dearg a thabhairt i dtír agus a thrasloingsiú agus cuirfidh sé liosta de na láithreacha tabhairt i dtír ainmnithe sin in iúl don Choimisiún faoin 15 Meitheamh gach bliain. Tarchuirfidh an Coimisiún an liosta sin chuig Rúnaíocht CGIM faoin 30 Meitheamh gach bliain, seachas mura bhfuil aon athrú ar na láithreacha tabhairt i dtír ainmnithe a cuireadh in iúl roimhe sin. Cuirfidh na Ballstáit aon nuashonrú ar an liosta sin in iúl don Choimisiún láithreach. Tarchuirfidh an Coimisiún na nuashonruithe sin chuig Rúnaíocht CGIM gan mhoill.

*Airteagal 49*

*Réamhfhógra*

Roimh theacht isteach chuig aon chalafort, agus ar ceithre uair an chloig ar a laghad roimh an am a mheastar a bhainfear an calafort amach, nó ar uair an chloig amháin ar a laghad roimh an am sin má tá an mheá níos lú ná ceithre uair an chloig ón gcalafort teachta, cuirfidh máistrí na soithí iascaireachta nó a n-ionadaí nó na hiascairí údaraithe an fhaisnéis seo a leanas in iúl do na húdaráis ábhartha:

(1) an t-am a mheastar a bhainfear an calafort amach;

(2) uimhir aitheantais sheachtrach agus ainm an tsoithigh údaraithe nó an tsoithigh a úsáidtear le haghaidh saothrú;

(3) meastachán ar an gcainníocht de réir beomheáchain agus líon na gcoilíneachtaí coiréalaigh dheirg ar bord;

(4) an fhaisnéis maidir leis an limistéar saothraithe, i bhfoirm comhordanáidí geografacha más féidir.

*Airteagal 50*

*Gabhálacha a thaifeadadh*

1. Iascairí nó maistrí na soithí údaraithe chun coiréalach dearg a shaothrú, déanfaidh siad a saothrú a thaifeadadh tar éis gach oibríochta saothraithe.

2. Beidh logleabhar ar bord ag soithí iascaireachta atá údaraithe le coiréalach dearg a shaothrú ina ndéanfar na gabhálacha laethúla de choiréalach dearg a thaifeadadh, beag beann ar bheomheáchan na bainte, chomh maith le gníomhaíocht iascaireachta de réir limistéir agus doimhneachta, lena n-áirítear, más féidir, líon na laethanta iascaireachta agus na dtumthaí. Cuirfear an fhaisnéis sin chuig na húdaráis inniúla náisiúnta faoin spriocdháta a leagtar síos in Airteagal 14(6) de Rialachán (CE) Uimh. 1224/2009.

3. Faoin 15 Nollaig gach bliain, cuirfidh na Ballstáit lena mbaineann na sonraí maidir le coiréalach dearg dá dtagraítear san Airteagal seo faoi bhráid an Choimisiúin. Tarchuirfidh an Coimisiún na sonraí sin chuig Rúnaíocht CGIM faoin 31 Nollaig gach bliain.

*Airteagal 51*

*Treoirthionscadail*

Féadfaidh na Ballstáit treoirthionscadail a chur chun feidhme chun a áirithiú go n-úsáideann na hiascairí nó na soithí uile atá údaraithe le coiréalach dearg a shaothrú VMS nó córas eile geoshuímh lena lamháiltear do na húdaráis rialaithe a ngníomhaíocht a rianú i gcónaí le linn turais iascaireachta.

*Airteagal 52*

*Tabhairt i dtír a rialú i ndáil le coiréalach dearg*

Bunóidh gach Ballstát clár rialaithe bunaithe ar anailís riosca, go háirithe chun an tabhairt i dtír a fhíorú agus na logleabhair a bhailíochtú.

*Airteagal 53*

*Oibríochtaí trasloingsithe*

Toirmeascfar oibríochtaí trasloingsithe de choiréalach dearg ar muir.

*Airteagal 54*

*Plean cigireachta*

Leagfaidh gach Ballstát plean cigireachta síos ina mbeidh bearta rialaithe agus forfheidhmithe a leagtar amach sa Chaibidil seo, agus na heilimintí a liostaítear in Iarscríbhinn V á gcur san áireamh. Cuirfear na pleananna cigireachta sin faoi bhráid an Choimisiúin faoin 15 Eanáir gach bliain agus tarchuirfidh an Coimisiún na pleananna sin chuig Rúnaíocht CGIM faoin 31 Eanáir gach bliain.

*Airteagal 55*

*Inrianaitheacht táirgí coiréalaigh dheirg*

1. Ar feadh idirthréimhse trí bliana (2020–2022), féadfaidh na Ballstáit a bheith rannpháirteach i gcéim phíolótach na Scéime Doiciméadaithe um Ghabháil (CDS), chun tionscnamh coiréalaigh dheirg a shaothraítear a shainaithint i limistéar chur i bhfeidhm CGIM, agus cuirfidh siad na bearta inrianaitheachta seo a leanas chun feidhme:

   (a) beidh deimhniú CDS bailíochtaithe dá dtagraítear in Iarscríbhinn X agus arna eisiúint ag údaráis inniúla an stáit brataí ag gabháil le gach tabhairt i dtír, allmhairiú, onnmhairiú agus ath-onnmhairiú coiréalaigh dheirg a shaothraítear;

(b) beidh uimhir uathúil sainaitheantais doiciméid ag gach deimhniú. Beidh an uimhir sonrach i leith an stáit brataí agus sannfar í do gach iascaire nó soitheach údaraithe. Ní bheidh na deimhnithe sin inaistrithe chuig iascaire nó soitheach údaraithe eile;

(c) Ní bhailíochtóidh na Ballstáit deimhniúcháin saothraithe CDS le haghaidh coiréalach dearg ach amháin nuair a chinnfear an fhaisnéis uile atá in CDS a bheith cruinn mar thoradh ar fhíorú na ndoiciméad tacaíochta agus na coinsíneachta comhfhreagraí.

2. Tabharfaidh na Ballstáit atá rannpháirteach sa chéim phíolótach tuairisc don Choimisiún, agus tabharfaidh an Coimisiún tuairisc do Rúnaíocht CGIM dá réir, maidir le cur chun feidhme na céime píolótaí i gcomhthéacs CDS buan le haghaidh coiréalach dearg.

*Airteagal 56*

*Faisnéis Eolaíoch i ndáil le coiréalach dearg*

1. Sa bhreis ar na forálacha a bhaineann le coiréalach dearg atá i lámhleabhar DCRF, tuairisceoidh na Ballstáit na sonraí a liostaítear thíos ar leibhéal na hoitreach, ar leibhéal dhronuilleog staidrimh CGIM agus ar an leibhéal náisiúnta, nuair a bheidh siad ar fáil:

(a) líon na n-údaruithe iascaireachta coiréalaigh dheirg arna ndeonú d’iascairí agus do shoithí údaraithe;

(b) an líon tumthaí de réir iascaire údaraithe agus turas iascaireachta;

(c) líon na n-iascairí údaraithe ar bord le haghaidh gach turais iascaireachta; agus

(d) trastomhas gach coilíneachta a shaothraítear, más féidir.

Tabharfaidh na Ballstáit fógra faoi na sonraí sin don Choimisiún faoin 10 Meitheamh gach bliain agus tarchuirfidh an Coimisiún na sonraí sin chuig Rúnaíocht CGIM faoin 30 Meitheamh gach bliain.

2. Na Ballstáit a bhíonn a n-iascairí nó soithí údaraithe ag díriú ar choiréalaigh dhearga, áiritheoidh siad go bhfuil meicníocht i bhfeidhm maidir le faireachán eolaíoch leormhaith a dhéanamh ar shaothrú, d’fhonn a chur ar a chumas do SAC faisnéis thuairisciúil agus comhairle a chur ar fáil, lena n-áirítear maidir leis na nithe seo a leanas:

(a) an iarracht iascaireachta a rinneadh (e.g. líon na dturas iascaireachta nó an t-aga tumtha in aghaidh na seachtaine, in aghaidh na míosa nó in aghaidh na bliana) agus leibhéil ghabhála iomlána ar leibhéal na hoitreach, ar leibhéal dhronuilleog staidrimh CGIM agus ar an leibhéal náisiúnta nó fornáisiúnta;

(b) na pointí tagartha caomhnaithe agus bainistíochta d’fhonn an plean bainistíochta réigiúnach a fheabhsú i gcomhréir leis an gcuspóir uastáirgeacht inbhuanaithe a tháirgeadh agus riosca íseal a bheith ann go gclisfidh na stoic éisc;

(c) iarmhairtí bitheolaíocha agus socheacnamaíocha na gcásanna bainistíochta malartacha, lena n-áirítear rialú ionchuir/aschuir nó bearta teicniúla

(d) tréimhsí coiscthe spásúla nó ama breise féideartha chun inbhuanaitheacht iascaigh a chaomhnú.

3. Cuirfear toirmeasc ar thráchtálú coilíneachtaí coiréalaigh dheirg a shaothraítear laistigh de chreat clár taighde ar choiréalach dearg.

4. Féadfaidh na Ballstáit breathnóirí eolaíocha náisiúnta a imlonnú ar shoithí a bhfuil coiréalach dearg saothraithe acu. I gcás an imlonnaithe sin, féadfaidh na Ballstáit an fhaisnéis a bhailítear a thuairisciú don Choimisiún agus tarchuirfidh an Coimisiún an fhaisnéis sin chuig Rúnaíocht CGIM.

# Caibidil IV
# Iascach grinnill

## ROINN I
## CAOLAS NA SICILE

*Airteagal 57*
*Raon Feidhme*

Tá feidhm ag an roinn seo maidir leis na gníomhaíochtaí iascaireachta uile ag trálaeir ghrinnill an Aontais ar mó a bhfad ná 10 méadar ina iomlán lena ndírítear ar stoic ghrinnill, lena n-áirítear colmóir (*Merluccius merluccius*) agus rós-séacla domhainmhara (*Parapenaeus longirostris*), in FLGanna 12, 13, 14, 15 agus 16 dá bhforáiltear in Iarscríbhinn I.

*Airteagal 58*

*Bearta bainistíochta iascach nó pleananna bainistíochta náisiúnta*

1. Déanfaidh na Ballstáit bearta bainistíochta iascach nó pleananna bainistíochta náisiúnta faoi raon feidhme na roinne seo chun a áirithiú go ndéanfaidh leibhéil saothraithe na stoc grinnill, go háirithe an colmóir Eorpach agus an rós-séacla domhainmhara an uastáirgeacht inbhuanaithe a bhaint amach agus a choinneáil ar bun.

2. Cuirfidh na Ballstáit a mbearta bainistithe nó a bpleananna bainistithe náisiúnta a glacadh agus aon mhodhnuithe a dhéanfar ar na bearta nó na pleananna sin faoi bhráid an Choimisiúin faoin 15 Eanáir gach bliain. Tarchuirfidh an Coimisiún na bearta nó na pleananna sin chuig Rúnaíocht CGIM faoin 31 Eanáir gach bliain.

*Airteagal 59*

*Srianta breise spásúla nó ama*

1. Féadfaidh na Ballstáit srianta spásúla nó ama a ainmniú sa bhreis ar na srianta atá ann cheana lena bhféadfar toirmeasc nó srianta a chur ar ghníomhaireachtaí iascaireachta chun limistéir sceite agus iasclainne a chosaint.

2. Cuirfidh na Ballstáit in iúl don Choimisiún faoin 15 Meitheamh gach bliain na srianta spásúla/ama sna huiscí faoina gceannasacht nó faoina ndlínse. Tarchuirfidh an Coimisiún an liosta sin chuig Rúnaíocht CGIM faoin 30 Meitheamh gach bliain.

*Airteagal 60*

*Faireachán eolaíoch*

Áiritheoidh na Ballstáit faireachán eolaíoch bliantúil leormhaith ar stádas na speiceas a liostaítear in Airteagal 57.

*Airteagal 61*

*Údaruithe d'iascaigh trálaeireachta grinnill ar stoic ghrinnill*

1. Ní cheadófar do shoithí trálaeireachta grinnill atá ag díriú go gníomhach ar na speicis a liostaítear in Airteagal 57, ach gníomhaíochtaí iascaireachta sonracha a dhéanamh mar a shonrófar in údarú iascaireachta bailí a eiseoidh na húdaráis inniúla agus ina sonrófar na coinníollacha teicniúla faoina ndéanfar na gníomhaíochtaí sin. Beidh na soithí sin feistithe le VMS.

2. Cuimseofar san údarú iascaireachta dá dtagraítear i mír 1, maille leis na sonraí a shainítear in Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2017/218, na sonraí seo a leanas:

(a) uimhir chlárúcháin CGIM;

(b) an t-ainm a bhí air roimhe (más ann dó);

(c) an bhratach roimhe seo (más ann di);

(d) mionsonraí maidir le scriosadh ó chláir eile (más ann dóibh).

3. Seolfaidh na Ballstáit chuig an gCoimisiún faoin 31 Deireadh Fómhair gach bliain liosta na soithí ar eisigh siad an t-údarú dá dtagraítear i mír 1 ina leith. Cuirfidh an Coimisiún an liosta sin in iúl don chomhlacht arna ainmniú aige agus do Rúnaíocht CGIM tráth nach déanaí ná an 30 Samhain gach bliain.

4. Cuirfidh na Ballstáit in iúl don Choimisiún faoin 31 Iúil gach bliain agus tarchuirfidh an Coimisiún do Rúnaíocht CGIM tráth nach déanaí ná an 31 Lúnasa gach bliain, i bhformáid chomhiomlánaithe, tuarascáil ar na gníomhaíochtaí iascaireachta a dhéanann na soithí dá dtagraítear i mír 1, lena n-áirítear an fhaisnéis íosta seo a leanas:

(a) líon na laethanta iascaireachta;

(b) limistéar an tsaothraithe; agus

(c) gabhálacha colmóra agus rós-séacla domhainmhara.

*Airteagal 62*

*Láithreacha tabhairt i dtír ainmnithe*

1. Ainmneoidh gach Ballstát láithreacha tabhairt i dtír ina bhféadfar colmóirí agus rós-séaclaí domhainmhara a ghabhtar i gCaolas na Sicile a thabhairt i dtír, i gcomhréir le hAirteagal 43(5) de Rialachán (CE) Uimh. 1224/2009. Aon athrú a dhéanfar ar an liosta sin, cuirfear fógra ina leith go pras chuig an gCoimisiún agus chuig Rúnaíocht CGIM.

2. Cuirfear toirmeasc ar aon chainníocht colmóra agus rós-séacla domhainmhara a ghabhtar i gCaolas na Sicile a thabhairt i dtír nó a thrasloingsiú ó shoithí iascaireachta in aon áit seachas sna láithreacha tabhairt i dtír arna n-ainmniú ag na Ballstáit.

3. I gcás gach láithrigh tabhairt i dtír a ainmnítear, sonróidh na Ballstáit na hamanna tabhairt i dtír agus trasloingsithe atá ceadaithe. Áiritheoidh na Ballstáit chomh maith clúdach cigireachta ar na gníomhaíochtaí sin uile le linn na n-amanna tabhairt i dtír agus trasloingsithe uile ag gach láthair tabhairt i dtír a ainmnítear.

*Airteagal 63*

*Scéim Cigireachta agus Faireachais Chomhpháirteach Idirnáisiúnta*

1. Féadfaidh na Ballstáit gníomhaíochtaí cigireachta agus faireachais a dhéanamh faoi réir Scéim Cigireachta agus Faireachais Chomhpháirteach Idirnáisiúnta (‘an Scéim’) lena gcumhdaítear uiscí atá lasmuigh de dhlínse náisiúnta in FLGanna 12, 13, 14, 15 agus 16, mar a shainmhínítear in Iarscríbhinn I (‘an limistéar cigireachta agus faireachais’).

2. Féadfaidh na Ballstáit cigirí agus modhanna cigireachta a shannadh agus féadfaidh siad cigireachtaí a dhéanamh faoin Scéim. Féadfaidh an Coimisiún nó comhlacht arna ainmniú aige cigirí de chuid an Aontais a shannadh freisin don Scéim.

3. Comhordóidh an Coimisiún nó comhlacht arna ainmniú aige na gníomhaíochtaí faireachais agus cigireachta don Aontas agus féadfaidh sé, i gcomhar leis na Ballstáit lena mbaineann, plean comhpháirteach imscartha a tharraingt suas chun a chur ar chumas an Aontais a oibleagáid faoin Scéim a chomhlíonadh. Glacfaidh na Ballstáit na bearta is gá chun cur i bhfeidhm na bpleananna sin a éascú, go háirithe maidir leis na hacmhainní daonna agus ábhartha is gá agus maidir leis na tréimhsí agus na limistéir gheografacha ina n-úsáidfear na hacmhainní sin.

4. Tabharfaidh gach Ballstát, tráth nach déanaí ná an 31 Deireadh Fómhair gach bliain, fógra don Choimisiún nó do chomhlacht arna ainmniú aige faoi liosta ainmneacha na gcigirí atá údaraithe cigireacht agus faireachas a dhéanamh sa limistéar dá dtagraítear i mír 1, mar aon le hainmneacha na soithí agus na n-aerárthaí a úsáidtear le haghaidh cigireachta agus faireachais a bhfuil sé beartaithe acu iad a shannadh don Scéim don bhliain dár gcionn. Seolfaidh an Coimisiún nó comhlacht arna ainmniú aige an fhaisnéis sin ar aghaidh chuig Rúnaíocht CGIM faoin 1 Nollaig gach bliain nó a luaithe is féidir sula gcuirfear tús le gníomhaíochtaí cigireachta.

5. Beidh i seilbh cigirí atá sannta don Scéim cárta aitheantais CGIM arna eisiúint ag na húdaráis inniúla, a bheidh san fhoirm a leagtar amach in Iarscríbhinn IV.

6. Beidh bratach nó bratainn speisialta, mar a thuairiscítear in Iarscríbhinn V, ar foluain ar shoithí agus dualgais bhordála agus chigireachta á ndéanamh acu.

7. Áiritheoidh gach Ballstát go ndéanfaidh gach ardán cigireachta atá i dteideal a bhratach a chur ar foluain agus atá ag oibriú sa limistéar dá dtagraítear i mír 1 teagmháil shábháilte, go laethúil nuair is féidir, le gach ardán cigireachta eile atá ag feidhmiú sa limistéar sin chun an fhaisnéis is gá le haghaidh comhordú gníomhaíochtaí a mhalartú.

8. Tabharfaidh gach Ballstát, a bhfuil láithreacht aige sa limistéar chun cigireacht nó faireachas a dhéanamh dá dtagraítear i mír 1, liosta amharc a bhunaítear i gcomhréir le hIarscríbhinn VII, liosta bordála agus liosta cigireachtaí a rinne sé sa tréimhse 10 lá roimhe sin, lena n-áirítear dátaí, comhordanáidí agus aon fhaisnéis ábhartha eile, do gach ardán cigireachta ar theacht isteach sa limistéar sin dó.

*Airteagal 64*

*Cigireachtaí a dhéanamh*

1. Déanfaidh cigirí atá sannta don Scéim an méid seo a leanas:

(a) fógra a thabhairt don soitheach iascaireachta roimh bhordáil dóibh faoi ainm an tsoithigh cigireachta;

(b) an bhratainn a bhfuil tuairisc uirthi in Iarscríbhinn V a chur ar taispeáint ar an soitheach cigireachta agus ar an soitheach bordála;

(c) gach foireann cigireachta a theorannú go triúr cigirí ar a mhéad.

2. Ag dul ar bord an tsoithigh dóibh, taispeánfaidh na cigirí an cárta aitheantais a bhfuil tuairisc air in Iarscríbhinn IV do mháistir an tsoithigh iascaireachta. Déanfar cigireachtaí i gceann de theangacha oifigiúla CGIM agus, i gcás inar féidir, sa teanga a labhraíonn máistir an tsoithigh iascaireachta.

3. Tarraingeoidh cigirí suas tuarascáil ar an gcigireacht san fhormáid a leagtar amach in Iarscríbhinn VI.

4. Síneoidh cigirí an tuarascáil i láthair mháistir an tsoithigh agus beidh an máistir sin i dteideal aon bharúlacha a chur leis an tuarascáil a mheasann sé a bheith oiriúnach agus ní mór dó na barúlacha sin a shíniú freisin.

5. Tabharfar cóipeanna den tuarascáil do mháistir an tsoithigh agus d'údaráis na buíne cigireachta, agus seolfaidh siad cóipeanna chuig údaráis Stát brataí an tsoithigh ar a ndearnadh cigireacht agus chuig an gCoimisiún agus/nó chuig comhlacht arna ainmniú aige. Cuirfidh an Coimisiún an chóip ar aghaidh chuig Rúnaíocht CGIM.

6. Déanfaidh oifigeach ceannais an tsoithigh cigireachta méid na buíne cigireachta agus tréimhse na cigireachta a shocrú agus na cúinsí ábhartha uile á gcur san áireamh aige.

*Airteagal 65*

*Sáruithe*

1. Chun críocha an Airteagail seo, measfar gur sáruithe iad na gníomhaíochtaí seo a leanas:

   (a) na gníomhaíochtaí dá dtagraítear in Airteagal 3(1), pointí (a), (b), (c), (e), (f), (g) agus (h), de Rialachán (CE) Uimh. 1005/2008;

   (b) cur isteach ar chóras faireacháin satailíte; agus

   (c) oibriú gan VMS.

2. I gcás ina ndéantar aon bhordáil nó cigireacht ar shoitheach iascaireachta agus ina mbraitheann na cigirí sárú lena linn sin, cuirfidh údaráis Bhallstát brataí an tsoithigh cigireachta an Coimisiún nó comhlacht arna ainmniú aige ar an eolas faoi láithreach, agus tabharfaidh sé fógra do Bhallstát brataí an tsoithigh iascaireachta ar a ndearnadh cigireacht go díreach agus trí bhíthin Rúnaíocht CGIM. Cuirfidh siad aon long chigireachta ó Bhallstát brataí an tsoithigh iascaireachta a thuigtear a bheith sa cheantar ar an eolas freisin.

3. Tar éis cigireacht ina mbraitear sárú lena linn, áiritheoidh Ballstát brataí an tsoithigh go gcuirfidh an soitheach iascaireachta ábhartha stop le gach gníomhaíocht iascaireachta. Ceanglóidh an Ballstát brataí ar an soitheach iascaireachta dul chuig láithreach tabhairt i dtír arna ainmniú aige laistigh de 72 uair an chloig, áit a gcuirfear tús le himscrúdú.

4. I gcás ina mbeidh sárú braite le linn cigireachta, déanfar na bearta agus an obair leantach a dhéanann an Ballstát brataí a fhógairt don Choimisiún nó don chomhlacht arna ainmniú aige. Cuirfidh an Coimisiún nó comhlacht arna ainmniú aige an beart agus an obair leantach a dhéanfar ar aghaidh chuig Rúnaíocht CGIM.

5. Gníomhóidh údaráis na mBallstát ar bhonn tuarascálacha cigireachta, dá dtagraítear in Airteagal 64(3), agus, ar an gcaoi chéanna, ar bhonn ráiteas a thagann as cigireachtaí doiciméadacha ó chigirí agus iad ag déanamh beart ar bhonn tuarascálacha agus ráiteas ó chigirí náisiúnta.

## ROINN II
## MUIR AIDRIAD

*Airteagal 66*

*Raon Feidhme*

Tá feidhm ag an roinn seo maidir leis na gníomhaíochtaí iascaireachta uile lena ndírítear ar stoic ghrinnill, lena n-áirítear colmóir (*Merluccius merluccius*), gliomach na hIorua (*Nephrops norvegicus*), sól coiteann (*Solea solea*), rós-séacla domhainmhara (*Parapenaeus longirostris*) agus lannach riabhach (*Mullus barbatus*), trí bhíthin iascaireacht le trál dobharchú, le trál bíoma, le trál grinnill dhá bhád agus trál otair dúbailte, in FLGanna 17 agus 18 dá bhforáiltear in Iarscríbhinn I.

*Airteagal 67*

*Tréimhsí coiscthe spásúla agus ama*

1. Déanfaidh na Ballstáit an méid seo a leanas:

   (a) dúnfaidh siad an limistéar cósta, gan beann ar a dhoimhneacht, amach go dtí sé mhuirmhíle, nó ceithre mhuirmhíle i gcás soithí nach gceadaítear dóibh iascaireacht a dhéanamh thar sé mhuirmhíle, do threalamh iascaireachta tarraingthe lena ndírítear ar stoic ghrinnill, ar feadh tréimhse leanúnach 8 seachtaine ar a laghad gach bliain; nó

   (b) socróidh siad tréimhse choiscthe 30 lá ar a laghad gach bliain agus cumhdófar 20 % ar a laghad d'uiscí teorann do ghníomhaíochtaí iascaireachta a dhéantar le trál dobharchú, le trál bíoma, le trál grinnill dhá bhád agus trál otair dúbailte, beag beann ar a bhfad foriomlán sna limistéir agus sna tréimhsí a n-aithníonn na Ballstáit gur tréimhsí agus limistéir thábhachtacha iad chun éisc óga stoc grinnill a chosaint, agus lena gcuirtear san áireamh bealaí imirce agus ina bpatrún spásúla dáilte iasc óg.

2. Cuirfidh na Ballstáit in iúl don Choimisiún, faoin 15 Bealtaine gach bliain, na srianta spásúla dá dtagraítear i mír 1, sna huiscí faoina ndlínse a chuireann siad i bhfeidhm d'fhonn limistéir sceite agus iasclainne le haghaidh stoic ghrinnill dá dtagraítear in Airteagal 66 a chosaint.

3. Tarchuirfidh an Coimisiún an fhaisnéis a gheobhaidh sé i gcomhréir le mír 2 chuig Rúnaíocht CGIM faoin 30 Meitheamh gach bliain.

*Airteagal 68*

*Bearta bainistíochta iascach nó pleananna bainistíochta náisiúnta*

1. Glacfaidh na Ballstáit bearta bainistíochta iascaigh nó pleananna bainistíochta náisiúnta a thagann faoi raon feidhme na roinne seo chun a áirithiú go ndéanfar stoic ghrinnill a chaomhnú go leormhaith, go háirithe an colmóir Eorpach, gliomach na hIorua, an sól, an rós-séacla domhainmhara agus an milléad dearg, i gcomhréir leis na cuspóirí ginearálta a leagtar amach sa Phlean bainistíochta ilbhliantúil d'iascaigh ghrinnill inbhuanaithe i Muir Aidriad (FLGanna 17 agus 18).

2. Má athraítear na bearta dá dtagraítear i mír 1, tabharfaidh na Ballstáit fógra don Choimisiún faoi sin gan mhoill agus cuirfidh an Coimisiún na hathruithe sin in iúl do Rúnaíocht CGIM faoin 31 Eanáir den bhliain ina dhiaidh sin.

*Airteagal 69*

*Bearta bainistíochta cabhlaigh*

1. Áiritheoidh na Ballstáit nach rachaidh acmhainneacht iomlán cabhlaigh na gcabhlach a oibríonn faoi raon feidhme na roinne seo, i dtéarmaí olltonnáiste (OT) agus/nó olltonáiste cláraithe (OTC), cumhacht innill (kW) agus líon na soithí, mar a thaifeadtar i gcláir an Aontais agus CGIM araon, thar acmhainneacht an chabhlaigh le haghaidh iascach grinnill in 2015 ná a meán idir 2015 agus 2017.

2. Ní bheidh feidhm ag mír 1 maidir le cabhlaigh náisiúnta a oibríonn le trál dobharchú agus a dhéanann iascaireacht ar feadh níos lú ná 1 000 lá le linn na tréimhse tagartha dá dtagraítear i mír 1. Ní thiocfaidh méadú níos mó ná 50 % ar acmhainneacht iascaireachta na gcabhlach sin i leith na tréimhse tagartha sin.

*Airteagal 70*

*Údaruithe iascaireachta*

1. Bunóidh na Ballstáit liosta de shoithí a bhfuil a mbratach ar foluain acu agus atá údaraithe chun iascaireacht a dhéanamh ar speicis a liostaítear in Airteagal 66.

2. Cuirfidh na Ballstáit liosta de na soithí arna n-údarú a bhfuil a mbratach ar foluain acu agus atá i mbun iascaireacht ghníomhach faoi raon feidhme na roinne seo faoi bhráid an Choimisiúin faoin 10 Eanáir gach bliain. Áireofar sa liosta sin, i gcás gach soithigh, an fhaisnéis dá dtagraítear in Iarscríbhinn VIII. Tarchuirfidh an Coimisiún an liosta sin chuig Rúnaíocht CGIM faoin 31 Eanáir gach bliain.

3. Ní cheadófar do shoithí a oibríonn laistigh de raon feidhme na roinne seo gníomhaíochtaí iascaireachta sonracha a dhéanamh ach amháin má bhíonn údarú iascaireachta bailí arna eisiúint ag na húdaráis inniúla acu. Beidh soithí údaraithe ar mó ná 12 mhéadar a bhfad iomlán feistithe le VMS ón 1 Eanáir 2021 agus le logleabhar leictreonach ón 1 Eanáir 2022.

4. Áiritheoidh gach Ballstát go gcuirfear sásraí leormhaithe ar bun chun gach soitheach iascaireachta a thaifeadadh i gclár cabhlaigh náisiúnta, chun gabhálacha an tsoithigh agus a iarracht iascaireachta a thaifeadadh tríd an logleabhar agus chomh maith faireachán a dhéanamh ar ghníomhaíochtaí agus tabhairt i dtír an tsoithigh iascaireachta trí shuirbhéanna samplála gabhálacha agus iarrachta, i gcomhréir le rialacha an Aontais nó le rialacha náisiúnta.

5. Amhail ón 1 Eanáir 2021, chun sonraí iarrachta iascaireachta a bhailiú chun córas iarrachta iascaireachta a bhunú amach anseo, tuairisceoidh na Ballstáit sonraí don Choimisiún faoin 10 Meitheamh gach bliain le haghaidh na bliana roimhe sin faoi kW × laethanta iascaireachta agus laethanta iascaireachta de réir trealaimh agus fad foriomlán soithigh gan aon chumasc d'aicmí faid soithigh, dá bhforáiltear in Iarscríbhinn XIII. Tarchuirfidh an Coimisiún na sonraí sin chuig Rúnaíocht CGIM faoin 30 Meitheamh gach bliain.

*Airteagal 71*

*Bearta sonracha chun aghaidh a thabhairt ar ghníomhaíochtaí iascaireachta NNN*

1. Dearbhóidh iascairí nó máistrí na soithí iascaireachta uile arna n-údarú atá i mbun iascaireacht ghníomhach i Muir Aidriad gabhálacha agus foghabhálacha uile na stoc a liostaítear in Airteagal 66. Beidh feidhm ag an oibleagáid chun gabháil a dhearbhú go leictreonach ón 1 Eanáir 2022 ar aghaidh, beag beann ar bheomheáchan na gabhála, maidir le soithí ar mó ná 12 mhéadar a bhfad foriomlán.

2. Ainmneoidh na Ballstáit pointí tabhairt i dtír ina ndéanfaidh soithí atá i mbun iascaireacht ghníomhach na speicis a liostaítear in Airteagal 66 tabhairt i dtír. I gcás gach láithrigh tabhairt i dtír ainmnithe, sonróidh na Ballstáit na hamanna agus na láithreacha ina gceadófar tabhairt i dtír agus trasloingsiú. Áiritheoidh na Ballstáit chomh maith clúdach cigireachta ar na gníomhaíochtaí sin le linn na n-amanna tabhairt i dtír agus trasloingsithe uile ag gach láthair tabhairt i dtír a ainmnítear ar bhonn anailís riosca.

3. Toirmiscfear ar aon chainníocht gabhálacha a theacht i dtír nó a thrasloingsiú, ar gabhálacha iad a áirítear laistigh de raon feidhme na roinne seo, a dhéantar iascaireacht orthu le trál dobharchú, le trál bíoma, le trál grinnill dhá bhád agus trál otair dúbailte i Muir Aidriad nó in aon áit seachas sna láithreacha tabhairt i dtír a ainmníonn na Ballstáit i gcomhréir le mír 2.

4. Faoin 15 Samhain gach bliain, cuirfidh na Ballstáit in iúl don Choimisiún aon athrú ar liosta na láithreacha tabhairt i dtír a ainmnítear inar féidir stoic éisc a thabhairt i dtír dá dtagraítear i mír 2. Faoin 30 Samhain gach bliain, tarchuirfidh an Coimisiún na hathruithe sin chuig Rúnaíocht CGIM.

*Airteagal 72*
*Gabhálacha a thuairisciú*

1. Feisteofar soithí tráil údaraithe, a dhéanann iascaireacht laistigh de raon feidhme na roinne seo, le córas iomchuí geoshuite. Beidh soithí tráil údaraithe ar mó ná 12 mhéadar a bhfad foriomlán feistithe le VMS. I gcás soithí tráil údaraithe ar lú ná 12 mhéadar a bhfad foriomlán, cuirfidh na Ballstáit an córas geoshuite roghnaithe in iúl don Choimisiún.

2. Gach gabháil de phríomhstoic, mar a liostaítear in Airteagal 66, is cuma cad é beomheáchan na gabhála, chomh maith le gabhálacha speiceas nach spriocspeicis iad de bhreis ar 50 kg, tuairisceofar sa logleabhar iad.

# Caibidil V
# Iascaigh pheiligeacha bheaga

## ROINN I
## MUIR AIDRIAD

*Airteagal 73*

*Raon Feidhme*

Tá feidhm ag an roinn seo maidir leis na gníomhaíochtaí uile lena ndírítear ar stoic pheiligeacha bheaga, lena n-áirítear sairdín (*Sardina pilchardus*) agus ainseabhaí (*Engraulis encrasicolus*), in FLGanna 17 agus 18 dá bhforáiltear in Iarscríbhinn I.

*Airteagal 74*

*Acmhainneacht iascaireachta a bhainistiú*

1. Chun críche an Airteagail seo, is í an acmhainneacht iascaireachta tagartha le haghaidh stoc peiligeach beag an acmhainneacht a bhunaítear ar bhonn na liostaí de shoithí iascaireachta na mBallstát lena mbaineann. Áirítear ar an liosta sin gach soitheach iascaireachta atá feistithe le tráil, peaslíonta saighne nó cineálacha eile eangacha timpeallúcháin gan braighdín íochtair, atá i mbun iascaireacht ghníomhach faoi raon feidhme na roinne seo in 2014.

2. Déantar soithí iascaireachta atá feistithe le tráil agus peaslíonta saighne, beag beann ar fhad foriomlán an tsoithigh lena mbaineann, a aicmiú mar shoithí atá i mbun iascaireacht ghníomhach ar stoic pheiligeacha bheaga i gcás gur sairdíní agus ainseabhaithe 50 % ar a laghad den ghabháil i mbeomheáchan.

3. Maidir le hacmhainneacht iomlán an chabhlaigh i dtaca le soithí iascaireachta atá feistithe le tráil nó peaslíonta saighne atá i mbun iascaireacht ghníomhach laistigh de raon feidhme na roinne seo mar atá taifeadta sa chlár cabhlaigh náisiúnta agus in CFR, ní sháróidh sí ag am ar bith an acmhainneacht iascaireachta tagartha dá bhforáiltear i dTábla B d'Iarscríbhinn XII.

4. Ní bheidh feidhm ag mír 3 maidir le cabhlaigh náisiúnta ina bhfuil níos lú ná deich soitheach idir shoithí peas-saighne agus trálaeir pheiligeacha a bhíonn ag iascaireacht go gníomhach do pheiligigh bheaga. Sna cásanna sin, ní fhéadfaidh acmhainneacht an chabhlaigh ghníomhaigh méadú níos mó ná 50 % i líon na soithí agus i dtéarmaí GT agus kW.

5. Áiritheoidh na Ballstáit nach mbíonn soithí iascaireachta atá feistithe le tráil nó peaslíonta saighne le haghaidh stoic pheiligeacha bheaga amhail dá dtagraítear i mír 2 i mbun iascaireachta ar feadh níos mó ná 20 lá iascaireachta in aghaidh na míosa agus nach dtéann siad thar 180 lá iascaireachta in aghaidh na bliana.

6. Ní cheadófar d'aon soitheach iascaireachta nach bhfuil ar áireamh ar an liosta de na soithí iascaireachta údaraithe dá dtagraítear i mír 1 den Airteagal seo iascaireacht a dhéanamh nó de mhaolú ar Airteagal 15(1) de Rialachán (AE) Uimh. 1380/2013, ní cheadófar dó aon chainníocht atá níos mó ná 20 % ainseabhaithe nó sairdíní nó 20 % ainseabhaithe agus sairdíní araon a choinneáil ar bord nó a thabhairt i dtír i gcás ina bhfuil an soitheach ar thuras iascaireachta in FLGanna 17 agus/nó 18.

7. Déanfaidh na Ballstáit aon ábhar a cuireadh le liosta na soithí iascaireachta údaraithe dá dtagraítear i mír 1, nó a scriosadh uaidh nó aon athrú ar an liosta sin, a chur in iúl don Choimisiún a luaithe a tharlóidh siad. Beidh na hathruithe sin gan dochar don acmhainneacht iascaireachta tagartha dá dtagraítear i mír 1. Cuirfidh an Coimisiún an fhaisnéis sin ar aghaidh chuig Rúnaíocht CGIM faoin 31 Eanáir gach bliain.

*Airteagal 75*

*Rialú, faireachán agus faireachas ar iascaigh stoc peiligeach beag sa Mhuir Aidriad*

1. Faoin 1 Deireadh Fómhair gach bliain, cuirfidh na Ballstáit in iúl don Choimisiún a bpleananna agus a gcláir chun comhlíonadh Airteagal 74 a áirithiú trí fhaireachán agus trí thuairisciú leormhaith, go háirithe maidir leis na gabhálacha míosúla agus leis an iarracht iascaireachta a rinneadh.

2. Cuirfidh an Coimisiún an fhaisnéis dá dtagraítear i mír 1 faoi bhráid Rúnaíocht CGIM faoin 30 Deireadh Fómhair gach bliain.

# Caibidil VI

# Deargáin

*Airteagal 76*

*Raon Feidhme*

Tá feidhm ag an gCaibidil seo maidir leis na gníomhaíochtaí uile lena ndírítear ar dheargán (*Pagellus bogaraveo*) le spiléir agus le línte láimhe i Muir Alboran in FLGanna 1, 2 agus 3 dá bhforáiltear in Iarscríbhinn I.

*Airteagal 77*

*Bearta teicniúla agus caomhnaithe*

Féadfaidh na Ballstáit a bhfuil baint acu le hiascaireacht deargán gléasanna malartacha nó bearta maolaithe a thástáil nó a ghlacadh i ndáil le gléasanna nó ábhair d’fhonn tionchar diúltach ar ghrinneall na farraige a chosc.

*Airteagal 78*

*Bearta bainistíochta cabhlaigh*

1. Bunóidh na Ballstáit clár de na soithí iascaireachta atá údaraithe oibriú le spiléir agus le línte láimhe agus cainníochtaí deargán a iompar ar bord nó a thabhairt i dtír. Déanfar an clár sin a chothabháil agus a nuashonrú.

2. Ní cheadófar do shoithí iascaireachta atá ag díriú ar dheargáin deargán a ghabháil nó a choinneáil ar bord ach amháin má shealbhaíonn siad údarú iascaireachta bailí a eiseoidh na húdaráis inniúla. Cuimseofar leis an údarú na sonraí a leagtar amach in Iarscríbhinn VIII.

3. Déanfaidh na Ballstáit an méid seo a leanas:

   (a) a chur in iúl don Choimisiún, faoin 31 Eanáir gach bliain, liosta de na soithí oibríochtúla dár tugadh údarú don bhliain reatha nó don bhliain/do na blianta dár gcionn; cuirfidh an Coimisiún an liosta sin in iúl do Rúnaíocht CGIM faoi dheireadh mhí Feabhra gach bliain. Cuimseofar leis an liosta na sonraí a leagtar amach in Iarscríbhinn VIII;

(b) go gcuirfí in iúl don Choimisiún agus do Rúnaíocht CGIM, faoin 30 Samhain gach bliain, tuarascáil ar na gníomhaíochtaí iascaireachta arna ndéanamh ag na soithí dá dtagraítear in mír 1, i bhformáid chomhiomlánaithe, lena n-áirítear an fhaisnéis íosta seo a leanas:

(i) líon na laethanta iascaireachta,

(ii) limistéar an tsaothraithe, agus

(iii) na gabhálacha deargán in aghaidh gach bliain.

4. Déanfar VMS nó aon chóras geologánaithe lena gcuirtear ar a gcumas do na húdaráis rialaithe rianú a dhéanamh ar ghníomhaíochtaí i gcónaí le linn turas iascaireachta a fheistiú ar gach soitheach ar mó ná 12 mhéadar a fad foriomlán agus atá údaraithe chun díriú ar dheargáin.

*Airteagal 79*

*Bearta rialaithe agus forfheidhmithe*

1. Ainmneoidh na Ballstáit láithreacha tabhairt i dtír ina n-údaraítear tabhairt i dtír deargán agus cuirfidh siad aon nuashonrú ar an liosta sin in iúl don Choimisiún láithreach. Tarchuirfidh an Coimisiún an liosta sin chuig Rúnaíocht CGIM. Ní dhéanfar tabhairt i dtír deargán ach i láithreacha tabhairt i dtír a ainmnítear.

2. Roimh theacht isteach dóibh in aon chalafort, seachas i gcás soithí ar mionscála, agus ceithre uair an chloig ar a laghad roimh an am a mheastar a bhainfear an calafort amach, tabharfaidh na hiascairí nó a n-ionadaí fógra do na húdaráis ábhartha maidir leis an bhfaisnéis seo a leanas:

(a) an t-am a mheastar a bhainfear an calafort amach;

(b) uimhir aitheantais sheachtrach agus ainm an tsoithigh iascaireachta; agus

(c) an beomheáchan measta atá á choinneáil ar bord.

3. Féadfaidh na hiascairí nó a n-ionadaithe an fhaisnéis dá dtagraítear i mír 2 a chur isteach suas le huair an chloig amháin roimh an am a mheastar a bhainfear an calafort amach, i gcás ina bhfuil an mheá níos lú ná ceithre uair an chloig ón gcalafort teachta.

4. Gan dochar d'Airteagal 14 de Rialachán (CE) Uimh. 1224/2009, tuairisceoidh iascairí agus máistrí soithí iascaireachta údaraithe atá i mbun iascaireacht ghníomhach laistigh de raon feidhme na roinne seo na gabhálacha uile, beag beann ar bheomheáchan na gabhála agus taifeadfaidh siad gabhálacha na speiceas sin nó déanfaidh siad meastóireachtaí ina leith.

5. Bunóidh gach Ballstát clár bunaithe ar anailís riosca, chun an tabhairt i dtír a fhíorú agus na logleabhair a bhailíochtú.

6. Toirmeascfar oibríochtaí trasloingsithe ar muir.

*Airteagal 80*

*Faireachán eolaíoch*

Bunaithe ar an bhfaisnéis a tharchuirfidh na Ballstáit agus an Coimisiún chuig Rúnaíocht CGIM, cuirfidh SAC faisnéis agus comhairle nuashonraithe ar fáil maidir leis an méid seo a leanas ar a laghad:

(1) tréithe an trealaimh iascaireachta, *inter alia* saintréithe na líonta seasmhacha agus líon, cineál agus méid na nduán a úsáidtear i línte láimhe agus spiléir;

(2) an iarracht iascaireachta a cuireadh i gcrích agus leibhéil ghabhála na gcabhlach iascaireachta tráchtála; meastachán ar ghabhálacha na n-iascach áineasa;

(3) na pointí tagartha caomhnaithe agus bainistithe d'fhonn inbhuanaitheacht iascach a áirithiú i gcomhréir le cuspóir na huastáirgeachta inbhuanaithe a bhaint amach agus riosca íseal a bheith ann go gclisfidh ar na stoic éisc;

(4) éifeachtaí socheacnamaíocha na gcásanna bainistithe malartacha, lena n-áirítear rialú ionchuir/aschuir agus/nó bearta teicniúla, arna sainaithint ag CGIM agus/nó ag na páirtithe conarthacha;

(5) tréimhsí coiscthe spásúla nó ama féideartha a bhfuil sé d'aidhm acu inbhuanaitheacht na stoc agus na n-iascach atá á saothrú a áirithiú;

(6) an tionchar a d'fhéadfadh a bheith ag iascaigh áineasa ar stádas caomhnaithe na stoc deargán.

# Caibidil VII
# Dorád

*Airteagal 81*
*Raon Feidhme*

Tá feidhm ag an gCaibidil seo maidir leis na gníomhaíochtaí iascaireachta uile lena ndírítear ar an dorád coiteann (*Coryphaena hippurus*) ina n-úsáidtear feistí comhthiomsaithe éisc (FADanna) ar fud na Meánmhara (FLGanna 1 go 27).

*Airteagal 82*
*Séasúir coiscthe*

1. Cuirfear toirmeasc iascaigh dorád coiteann (*Coryphaena hippurus*), iascaigh ina n-úsáidtear FADanna ón 1 Eanáir go dtí an 14 Lúnasa gach bliain.

2. De mhaolú ar mhír 1, más féidir le Ballstát a léiriú nach raibh na soithí a bhfuil a bhratach ar foluain acu in ann leas a bhaint as a ngnáthlaethanta iascaireachta, de dheasca drochaimsire, féadfaidh an Ballstát sin na laethanta a chaill a chuid soithí in iascaigh FAD a thabhairt ar aghaidh go dtí an 31 Eanáir den bhliain dár gcionn. Sa chás sin, roimh dheireadh na bliana, déanfaidh na Ballstáit iarratas a thíolacadh don Choimisiún i leith líon na laethanta atá le tabhairt ar aghaidh.

3. Beidh feidhm ag míreanna 1 agus 2 freisin sa chrios bainistíochta dá dtagraítear in Airteagal 26(1) de Rialachán (CE) Uimh. 1967/2006.

4. Beidh an fhaisnéis seo a leanas san iarratas dá dtagraítear i mír 2:

(a) tuarascáil ina bhfuil na mionsonraí maidir le scor de na gníomhaíochtaí iascaireachta atá i dtrácht, lena n-áirítear faisnéis mheitéareolaíoch iomchuí mar thacaíocht;

(b) ainm an tsoithigh agus uimhir CFR an tsoithigh.

5. Déanfaidh an Coimisiún cinneadh maidir leis na hiarratais den chineál dá dtagraítear i mír 2 laistigh de 6 seachtaine ón dáta a bhfaightear an t-iarratas agus cuirfidh sé an Ballstát ar an eolas i scríbhinn faoin gcinneadh sin.

6. Cuirfidh an Coimisiún Rúnaíocht CGIM ar an eolas faoi chinntí a dhéantar de bhun mhír 5. Roimh an 1 Samhain gach bliain, seolfaidh na Ballstáit tuarascáil chuig an gCoimisiún maidir le laethanta arna dtabhairt ar aghaidh ar laethanta iad a cailleadh an bhliain roimhe sin, de réir mar a thagraítear dó sin i mír 2.

7. Féadfaidh an Coimisiún gníomhartha cur chun feidhme a ghlacadh i ndáil le rialacha mionsonraithe maidir le formáid agus tarchur na n-iarratas dá dtagraítear i mír 4 agus na tuarascála ar an tabhairt ar aghaidh den sórt sin dá dtagraítear i mír 6. Déanfar na gníomhartha cur chun feidhme sin a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 138(2).

*Airteagal 83*

*Bearta bainistíochta idirthréimhseacha*

Cuirfidh na Ballstáit a bhfuil sé á bhreithniú acu tosú ag díriú ar an dorád coiteann, agus FADanna á n-úsáid acu, a mbearta náisiúnta faoi bhráid an Choimisiún nuair a ghlacfar iad agus tarchuirfidh an Coimisiún na bearta sin chuig Rúnaíocht CGIM gan mhoill.

*Airteagal 84*

*Faireachán eolaíoch, oiriúnú agus athbhreithniú ar bhearta bainistithe*

1. Déanfaidh na Ballstáit faireachán ar thionchar bitheolaíoch agus comhshaoil FADanna a úsáideann soithí a bhfuil a mbratach ar foluain acu agus a shaothraíonn an dorád coiteann.

2. D'fhonn comhairle arna tabhairt ag SAC a éascú maidir le bearta a athbhreithniú dá bhforáiltear sa Chaibidil seo, baileoidh na Ballstáit na sonraí ábhartha atá ann cheana, lena n-áirítear sonraí suirbhé taighde chun cur le tiomsú sonraí SAC.

*Airteagal 85*

*Bearta bainistíochta náisiúnta*

Maidir leis na Ballstáit atá ag díriú ar an dorád coiteann trí úsáid a bhaint as FADanna agus nach bhfuil bearta bainistíochta náisiúnta acu, glacfaidh siad bearta bainistithe náisiúnta lena n-áirítear ar a laghad tacar beart a áiríonn na heilimintí a liostaítear in Iarscríbhinn IX.

*Airteagal 86*

*Údaruithe iascaireachta*

1. I gcomhréir le hAirteagal 7 de Rialachán (CE) Uimh. 1224/2009, deonófar údarú iascaireachta do shoithí iascaireachta atá údaraithe páirt a ghlacadh san iascach dorád coiteann agus áireofar na soithí sin ar liosta ina bhfuil ainm an tsoithigh agus uimhir CFR an tsoithigh, ar mionsonraí iad sin a sholáthróidh an Ballstát lena mbaineann don Choimisiún faoin 30 Meitheamh gach bliain. Cuirfidh an Coimisiún an liosta sin faoi bhráid Rúnaíocht CGIM faoin 31 Iúil gach bliain.

2. Ceanglófar ar shoithí ar lú a bhfad foriomlán ná 10 méadar údarú iascaireachta a bheith acu. Beidh feidhm ag an gceanglas seo freisin maidir leis an gcrios bainistíochta dá dtagraítear in Airteagal 26(1) de Rialachán (CE) Uimh. 1967/2006.

*Airteagal 87*

*Gníomhaíochtaí iascaireachta FAD a thuairisciú*

1. Gan dochar do Rialachán (AE) 2017/1004 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[1], bunóidh na Ballstáit córas iomchuí bailithe agus próiseála sonraí maidir le gabhálacha agus iarracht iascaireachta.

[1] Rialachán (AE) 2017/1004 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 17 Bealtaine 2017 maidir le creat Aontais a bhunú maidir le bailiú, bainistiú agus úsáid sonraí in earnáil an iascaigh agus maidir le tacaíocht a thabhairt do chomhairle eolaíochta a mhéid a bhaineann leis an gcomhbheartas iascaigh agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 199/2008 ón gComhairle (IO L 157, 20.6.2017, lch. 1).

2. Faoin 15 Eanáir gach bliain, tabharfaidh Ballstáit tuarascáil don Choimisiún maidir leis an líon soithí a bhfuil baint acu leis an iascach, mar aon leis an gcur i dtír iomlán agus trasloingsithe iomlána dorád coiteann arna gcur i gcrích an bhliain roimhe sin ag na soithí iascaireachta a bhfuil bratach an Bhallstáit ábhartha ar foluain acu, i ngach GSA de limistéar Chomhaontú CGIM, de réir mar a leagtar amach in Iarscríbhinn I.

3. Féadfaidh an Coimisiún gníomhartha cur chun feidhme a ghlacadh i ndáil le rialacha mionsonraithe maidir le formáid agus tarchur tuarascálacha den sórt sin. Déanfar na gníomhartha cur chun feidhme sin a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 138(2).

4. Déanfaidh an Coimisiún an fhaisnéis a fhaightear ó na Ballstáit a tharchur chuig Rúnaíocht CGIM.

5. Déanfaidh iascairí nó máistrí soithí iascaireachta údaraithe a shaothraíonn dorád coitianta laistigh de raon feidhme na roinne seo a ngníomhaíochtaí iascaireachta a thaifeadadh le FADanna.

*Airteagal 88*

*Comhdhéanamh, suíomh, cothabháil agus athsholáthar FAD*

1. I gcásanna ina mbeidh struchtúr dromchlach FAD clúdaithe le hábhar, áiritheoidh na Ballstáit go mbainfear an t-ábhar nó nach mbeidh an struchtúr clúdaithe ach le hábhar lena mbaineann riosca íosta speicis, nach spriocspeicis iad, a chur i bhfostú, go háirithe speicis leochaileacha, nó nach ndéanann difear do shoithí eile.

2. Beidh comhpháirteanna fodhromchlach FAD déanta as ábhair nach gcuirtear speicis nach spriocspeicis iad i bhfostú leo, agus as na hábhair sin amháin.

3. Agus FADanna á ndearadh, tabharfar tosaíocht d'ábhair in-bhithdhíghrádaithe.

4. Beidh FADanna suite go hiontaofa ina n-ionad úsáide. Áireofar i ndearadh FADanna líon iomchuí frithmheáchan feadh na téide chun a áirithiú go rachaidh an téad go tóin poill i gcás ina mbeidh cuid an rafta scoite agus ina rachaidh sí le sruth.

5. Áiritheoidh iascairí nó maistrí soithí iascaireachta a shaothraíonn an dordán coiteann go ndéanfar FADanna a choinneáil ar bun go rialta, a ionadú mar is gá agus a bhaint nuair nach bhfuil siad in úsáid. Beidh FADanna a chuirfear ina n-ionad den chineál céanna, den dearadh céanna, den tógáil chéanna, de na hábhair chéanna agus den sainaithint chéanna le FAD atá á ionadú. Beidh FADanna athsholáthair ar ancaire sa suíomh céanna le FAD atá á ionadú.

6. I gcás ina gcaillfear FAD nó nach mbeidh sé indéanta FAD a ghabháil, taifeadfaidh iascairí nó máistrí soithí iascaireachta an suíomh deireanach arb eol é a bheith ann agus a dháta. Maidir le FAD a cailleadh, baileoidh agus tuairisceoidh soithí iascaireachta a shaothraíonn an dordán coiteann suíomh cláraithe deireanach, uimhir aitheantais agus aon fhaisnéis lenar féidir úinéir FAD a shainaithint.

7. Glacfaidh na Ballstáit na bearta uile is gá chun a áirithiú go n-aisghabhfar FADanna atá imithe i léig agus nach bhfuil in úsáid.

8. Toirmiscfear ar shoitheach a bhfuil bratach Ballstáit ar foluain aige iasc a mhealltar le FAD a ghabháil i gcás nach é an soitheach sin féin a dhéanann an FAD a shocrú.

*Airteagal 89*

*Sainaithint agus marcáil FAD*

1. Gan dochar d'Airteagal 8 de Rialachán (CE) Uimh. 1224/2009, áiritheoidh iascairí nó máistrí soithí iascaireachta a shaothraíonn dorád coiteann go marcálfar gach FAD ar bhealach inar féidir é a shainaithint go héasca.

2. Marcálfar gach FAD go seachtrach le cláruimhir an tsoithigh iascaireachta nó na soithí iascaireachta a úsáideann í. Beidh an mharcáil sin infheicthe gan an rabhchán a bhaint anuas, sáile-dhíonach agus inléite ar feadh shaolré iomlán an rabhcháin. Ní mór an fad léargais a bheith chomh gearr agus is féidir.

# Caibidil VIII

# An Turbard

*Airteagal 90*

*Raon Feidhme*

Tá feidhm ag an gCaibidil seo maidir leis na gníomhaíochtaí iascaireachta uile a dhíríonn ar thurbard (*Scophthalmus maximus*) in FLG 29 dá bhforáiltear in Iarscríbhinn I.

*Airteagal 91*

*Bearta chun iascaireacht NNN in iascaigh turbard a chosc, a dhíspreagadh agus a dhíothú*

1. Faoin 20 Eanáir gach bliain, cuirfidh gach Ballstát ar aghaidh chuig an gCoimisiún, tríd an ngnáthmheán próiseála sonraí, liosta de na soithí a úsáideann eangacha geolbhaigh grinneallsocraithe atá údaraithe chun iascach a dhéanamh ar thurbaird sa Mhuir Dhubh (FLG 29, dá bhforáiltear in Iarscríbhinn I). Faoin 31 Eanáir gach bliain, cuirfidh an Coimisiún an liosta sin chuig Rúnaíocht CGIM.

2. Áireofar sa liosta a luaitear i mír 1, in éineacht leis na sonraí a leagtar amach in Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2017/218, na sonraí seo a leanas:

   (a) uimhir chlárúcháin CGIM;

(b) an t-ainm a bhí air roimhe (más ann dó);

(c) an bhratach a bhí ar foluain aige roimhe (más ann di);

(d) mionsonraí maidir le scriosadh ó chláir eile (más ann dóibh);

(e) an príomh-spriocspeiceas;

(f) an príomhthrealamh a úsáidtear le haghaidh turbard, roinn cabhlaigh agus aonad oibríochtúil mar a shainmhínítear i maitrís staidrimh Thasc 1 a leagtar amach i roinn C, d’Iarscríbhinn III;

(g) an tréimhse ama atá údaraithe chun iascaireacht a dhéanamh le heangach gheolbhaigh nó le haon trealamh eile lena bhféadfaí iascaireacht a dhéanamh ar thurbaird (más ann d’údarú den chineál sin).

3. Arna iarraidh sin do CGIM, déanfaidh na Ballstáit faisnéis a thuairisciú faoi na soithí iascaireachta atá údaraithe chun gníomhaíochtaí iascaireachta a dhéanamh thar thréimhse ar leith. Tuairisceoidh na Ballstáit, go háirithe, ainmneacha na soithí iascaireachta lena mbaineann, a n-uimhir aitheantais sheachtrach agus na deiseanna iascaireachta atá leithdháilte ar gach ceann acu.

4. Baileoidh údaráis inniúla an Bhallstáit cósta eangacha geolbhaigh atá tréigthe, nach bhfuil marcáilte agus a úsáidtear in iascaigh turbard agus a aimsítear ar muir. Ina dhiaidh sin, déanfar na heangacha sin a ghabháil go dtí go ndéanfar an t-úinéir a shainaithint go cuí nó go ndéanfar na heangacha sin a scriosadh mura féidir an t-úinéir a shainaithint.

5. Ainmneoidh gach Ballstát lena mbaineann láithreacha tabhairt i dtír, ina ndéanfar turbaird a ghabhfar sa Mhuir Dhubh a thabhairt i dtír agus a thrasloingsiú, i gcomhréir le hAirteagal 43(5) de Rialachán (CE) Uimh. 1224/2009. Cuirfear liosta de na láithreacha tabhairt i dtír ainmnithe sin chuig Rúnaíocht CGIM agus chuig an gCoimisiún tráth nach déanaí ná an 30 Samhain gach bliain.

6. Cuirfear toirmeasc ar aon chainníocht turbard a ghabhfar sa Mhuir Dhubh a thabhairt i dtír ná a thrasloingsiú in aon áit eile cé is moite de na láithreacha tabhairt i dtír ainmnithe dá dtagraítear i mír 5.

*Airteagal 92*

*Pleananna faireacháin, rialaithe agus faireachais náisiúnta d'iascaigh turbard*

1. Bunóidh na Ballstáit pleananna faireacháin, rialaithe agus faireachais náisiúnta ('pleananna náisiúnta') chun forálacha Airteagal 91 a chur chun feidhme trína áirithiú, *inter alia*, go ndéanfar faireachán agus taifeadadh beacht agus cuí ar na gabhálacha míosúla agus/nó ar an iarracht iascaireachta atá déanta.

2. Beidh na gnéithe seo a leanas sna pleananna náisiúnta:

   (a) sainmhíniú soiléir ar na modhanna rialaithe, ina bhfuil cur síos ar na modhanna daonna, teicniúla agus airgeadais atá ar fáil go sonrach chun na pleananna náisiúnta a chur chun feidhme;

(b) sainmhíniú soiléir ar an straitéis chigireachta (lena n-áirítear prótacail chigireachta), lena ndíreofar ar shoithí iascaireachta ar dócha go ndéanfaidh siad turbaird agus speicis ghaolmhara a ghabháil;

(c) pleananna gníomhaíochta maidir le margaí agus iompar a rialú;

(d) sainmhíniú ar chúraimí agus nósanna imeachta cigireachta, lena n-áirítear an straitéis samplála a chuirtear i bhfeidhm chun fíorú a dhéanamh ar mheá na ngabhálacha tráth a dhéantar an chéad díol agus an straitéis samplála do shoithí nach bhfuil faoi réir rialacha dearbhaithe logleabhair/tabhairt i dtír;

(e) treoirlínte mínitheacha do chigirí, eagraíochtaí tairgeoirí agus iascairí maidir leis an tacar rialacha atá i bhfeidhm maidir le hiascaigh ar dócha go ngabhfar turbaird iontu, lena n-áirítear:

    (i) rialacha maidir le doiciméid a chomhlánú, lena n-áirítear tuarascálacha cigireachta, logleabhair iascaireachta, dearbhuithe ar thrasloingsiú, dearbhuithe ar na gabhálacha a thugtar i dtír agus a ghlactar, doiciméid maidir le hiompar agus nótaí maidir le díolacháin;

    (ii) bearta teicniúla atá i bhfeidhm, lena n-áirítear mogallmhéid agus/nó toisí mogaill, íosmhéid gabhála, srianta sealadacha;

    (iii) straitéisí samplála;

    (iv) sásraí cros-seiceála;

(f) oiliúint cigirí náisiúnta d’fhonn na cúraimí dá dtagraítear in Iarscríbhinn II a ghabhann leis an Rialachán seo a chur i gcrích.

3. Faoin 20 Eanáir gach bliain, cuirfidh na Ballstáit na pleananna náisiúnta in iúl don Choimisiún nó do chomhlacht arna ainmniú aige. Cuirfidh an Coimisiún nó comhlacht arna ainmniú aige na pleananna sin ar aghaidh chuig Rúnaíocht CGIM faoin 31 Eanáir gach bliain.

*Airteagal 93*

*Faireachán eolaíoch ar iascaigh turbard*

Cuirfidh na Ballstáit aon fhaisnéis bhreise chun tacú leis an bhfaireachán eolaíoch ar iascaigh turbard sa Mhuir Dhubh chuig an gCoiste Comhairleach Eolaíoch maidir le hIascaigh (SAC) agus chuig an gCoimisiún, tráth nach déanaí ná an 30 Samhain gach bliain.

*Airteagal 94*

*Tréimhse choiscthe le linn shéasúr sceite an turbaird*

1. Laistigh den tréimhse ó mhí Aibreáin go mí an Mheithimh, déanfaidh gach Ballstát gach bliain, bunaithe ar chomhairle eolaíoch arna soláthar ag Mheitheal CGIM um an Muir Dhubh (‘WGBS’), tréimhse choiscthe 2 mhí ar a laghad a leagan síos le linn shéasúr sceite an turbaird.

2. Féadfar an tréimhse choiscthe faoi mhír 1 a leasú bunaithe ar chomhairle eolaíoch arna soláthar ag WGBS.

3. Féadfaidh na Ballstáit srianta spásúla nó ama breise a ainmniú lena bhféadfar toirmeasc nó srianta a chur ar ghníomhaireachtaí iascaireachta chun limistéir chomhbhailiúcháin de thurbaird óga a chosaint.

## Caibidil IX
## Fíogaigh ghobacha

*Airteagal 95*

*Raon Feidhme*

Tá feidhm ag an gCaibidil seo maidir leis na gníomhaíochtaí iascaireachta uile a dhíríonn ar an bhfíogach gobach (*Squalus acanthias*) in FLG 29 dá bhforáiltear in Iarscríbhinn I.

*Airteagal 96*

*Íosmhéid tagartha caomhnaithe don fhíogach gobach*

Eiseamail fíogach gobach sa Mhuir Dhubh atá níos lú ná 90 cm, ní dhéanfar iad a choimeád ar bord, a thrasloingsiú, a thabhairt i dtír, a stóráil, a dhíol ná a chur ar taispeáint ná a thairiscint lena ndíol. Nuair a ghabhtar na heiseamail fíogach gobach sin de thaisme, cuirfear ar ais iad go mear gan ghortú agus iad fós beo, a mhéid is féidir. Coinneoidh máistrí soithí iascaireachta taifead sa logleabhar ar ghabhálacha de thaisme, ar scaoileadh saor agus/nó ar theagmhais aschurtha i gcás fíogaigh ghobacha. Cuirfidh na Ballstáit an fhaisnéis sin in iúl do CGIM agus don Choimisiún ina dtuairisciú bliantúil do SAC agus trí chreat um bailiú sonraí CGIM.

# TEIDEAL III
# FORÁLACHA COITEANNA

## Caibidil I
## Bearta teicniúla agus caomhnaithe

### ROINN I
### TIONCHAR GNÍOMHAÍOCHTAÍ IASCAIREACHTA AR SPEICIS MHARA ÁIRITHE A LAGHDÚ

#### FOROINN 1
#### SIORCANNA, SCIATAÍ AGUS ROIC

*Airteagal 97*
*Raon Feidhme*

Tá feidhm ag an bhfomhír seo maidir le gach gníomhaíocht iascaireachta lena ndírítear ar aon Speiceas ealásmabrainciach, chomh maith le speicis siorca agus roic a áirítear in Iarscríbhinní II agus III a ghabhann leis an bPrótacal maidir le limistéir atá faoi chosaint speisialta agus maidir le héagsúlacht bhitheolaíoch sa Mheánmhuir[1], sna FLGanna uile dá bhforáiltear in Iarscríbhinn I den Rialachán seo.

1 IO L 322, 14.12.1999, lch. 3.

*Airteagal 98*

*Speiceas ealásmabrainciach atá faoi chosaint*

1. Áiritheoidh na Ballstáit ardchosaint ar ghníomhaíochtaí iascaireachta do na speicis ealásmabrainciacha a liostaítear in Iarscríbhinn II a ghabhann leis an bPrótacal maidir le limistéir atá faoi chosaint speisialta agus maidir le héagsúlacht bhitheolaíoch sa Mheánmhuir.

2. Ní dhéanfar speicis ealásmabrainciacha atá ar áireamh in Iarscríbhinn II a ghabhann leis an bPrótacal maidir le limistéir atá faoi chosaint speisialta agus maidir le héagsúlacht bhitheolaíoch sa Mheánmhuir a choinneáil ar bord, a thrasloingsiú, a thabhairt i dtír, a aistriú, a stóráil, a dhíol ná a thaispeáint ná a thairiscint lena ndíol.

3. A mhéid is féidir, maidir le soithí iascaireachta a dhéanann na speicis ealásmabrainciacha atá ar áireamh in Iarscríbhinn II den Phrótacal maidir le limistéir atá faoi chosaint speisialta agus maidir le héagsúlacht bhitheolaíoch sa Mheánmhuir a ghabháil de thaisme, déanfaidh siad iad a scaoileadh saor gan mhoill, gan ghortú agus iad fós beo.

*Airteagal 99*

*Siorcanna a shainaithint*

1. Gan dochar d'Airteagal 98, cuirfear toirmeasc ar shiorcanna a dhícheannadh agus a fheannadh ar bord agus sula dtugtar i dtír iad. Ní chuirfear siorcanna dícheannta agus feannta ar an margadh ag na chéad mhargaí díolacháin tar éis iad a thabhairt i dtír.

2. Gan dochar d'Airteagal 98, áiritheoidh na Ballstáit go ndéanfar siorcanna a choinneáil ar bord, a thrasloingsiú, a thabhairt i dtír agus a chur ar an margadh, tráth a dhéanfar an chéad díol, ar bhealach a mbeidh na speicis aitheanta agus inaitheanta, agus gur féidir faireachán agus taifeadadh a dhéanamh ar an ngabháil, ar an ngabháil de thaisme agus, nuair is iomchuí, ar scaoileadh saor na speiceas sin.

*Airteagal 100*

*Oibleagáidí tuairiscithe*

Faoin 15 Márta gach bliain, cuirfidh na Ballstáit in iúl don Choimisiún, módúlachtaí na maoluithe ar Airteagal 13(1) de Rialachán (CE) Uimh. 1967/2006 agus Airteagal 120 den Rialachán seo a chuirtear i bhfeidhm i leith an toirmisc ar ghníomhaíochtaí iascaireachta a dhéantar le tráil, i gcomhréir leis na coinníollacha chun na maoluithe sin a cheadú a leagtar síos in Airteagal 13(5) agus (10) de Rialachán (CE) Uimh. 1967/2006 agus in Airteagal 120 den Rialachán seo. Tabharfaidh an Coimisiún fógra faoi na módúlachtaí sin do Rúnaíocht CGIM faoin 31 Márta gach bliain. Áireofar an méid seo a leanas san fhógra sin:

(1) liosta de na soithí tráil údaraithe agus a saintréithe;

(2) limistéir ábhartha arna sainaithint le comhordanáidí geografacha, ar talamh agus ar muir araon, agus le dronuilleoga staidrimh CGIM;

(3) bearta arna ndéanamh chun faireachán a dhéanamh ar an tionchar ar an gcomhshaol muirí agus chun na tionchair sin a mhaolú.

Cuirfear aon mhodhnú ar na módúlachtaí dá dtagraítear sa chéad fhomhír in iúl don Choimisiún a luaithe is féidir agus tarchuirfidh an Coimisiún an fhaisnéis sin chuig Rúnaíocht CGIM.

## FOROINN 2

## GABHÁLACHA DE THAISME DE SPEICIS AIRITHE MHUIRI

*Airteagal 101*

*Raon Feidhme*

Beidh feidhm ag an bhforoinn seo gan dochar d'aon bhearta níos déine a eascraíonn as Treoir 92/43/CEE nó as Treoir 2009/147/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[1].

*Airteagal 102*

*Gabhálacha de thaisme d'éanlaithe mara i dtrealaimh iascaireachta*

1. Déanfaidh máistrí soithí iascaireachta éanlaithe mara a ghabhfar de thaisme i dtrealamh iascaireachta a scaoileadh saor go mear.

2. Ní thabharfar éanlaithe mara i dtír ar shoithí iascaireachta ach amháin laistigh de chreat na bpleananna náisiúnta i dtaca le héanlaithe mara a chaomhnú nó chun cúnamh a fháil le haghaidh éanlaithe mara aonair atá gortaithe a théarnamh agus ar choinníoll go bhfuil na húdaráis inniúla náisiúnta curtha ar an eolas go cuí agus go hoifigiúil, roimh don soitheach iascaireachta lena mbaineann filleadh ar an gcalafort, go bhfuil sé beartaithe na héanlaithe mara sin a thabhairt i dtír.

---

1 Treoir 2009/147/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 30 Samhain 2009 maidir le héin fhiáine a chaomhnú (IO L 20, 26.1.2010, lch. 7).

*Airteagal 103*

*Gabhálacha de thaisme de thurtair mhara i dtrealamh iascaireachta*

1. A mhéid is féidir, turtair mhara a ghabhfar de thaisme i dtrealamh iascaireachta, déanfar iad a láimhseáil go sábháilte agus scaoilfear saor iad, gan ghortú agus iad fós beo.

2. Ní thabharfaidh máistrí soithí iascaireachta turtair mhara i dtír, ach amháin mar chuid de chlár tarrthála sonrach nó de chlár caomhnaithe náisiúnta nó mura rud é go gceanglaítear é sin ar chúis eile chun turtair mhara aonair atá gortaithe agus gan aithne a tharrtháil agus chun cúnamh a fháil chun go ndéanfaidh siad téarnamh agus ar choinníoll go bhfuil na húdaráis náisiúnta inniúla lena mbaineann curtha ar an eolas go cuí agus go hoifigiúil roimh don soitheach iascaireachta lena mbaineann filleadh ar an gcalafort.

3. A mhéid a bheidh sé indéanta, soithí iascaireachta a úsáideann peaslíonta saighne le haghaidh speicis pheiligeacha bheaga nó eangacha timpeallúcháin gan braighdín íochtair le haghaidh speicis pheiligeacha, seachnóidh siad turtair mhara a thimpeallú.

4. Beidh trealamh láimhseála, fuascailte agus scaoilte saor atá sábháilte ar bord soithí iascaireachta a úsáideann spiléir agus eangacha geolbhaigh grinneallsocraithe chun a áirithiú go ndéanfar turtair mhara a láimhseáil agus a scaoileadh saor ar bhealach a mhéadóidh, a mhéid is féidir, an dóchúlacht go dtiocfaidh siad slán.

*Airteagal 104*

*Gabhálacha de thaisme de rónta manaigh*

1. Ní dhéanfaidh máistrí soithí iascaireachta rónta manaigh *(Monachus monachus)* a thabhairt ar bord, a thrasloingsiú ná a thabhairt i dtír, murar gá sin chun ainmhithe aonair atá gortaithe a tharrtháil agus chun cúnamh a fháil chun iad a théarnamh agus ar choinníoll go bhfuil na húdaráis náisiúnta inniúla curtha ar an eolas go hoifigiúil roimh don soitheach iascaireachta lena mbaineann filleadh ar an gcalafort.

2. Déanfar rónta manaigh a ghabhfar de thaisme i dtrealamh iascaireachta a scaoileadh saor gan ghortú agus iad fós beo. Tabharfar conablaigh ainmhithe marbha i dtír agus déanfaidh na húdaráis náisiúnta inniúla iad a ghabháil chun críche staidéar eolaíoch nó chun iad a scriosadh.

*Airteagal 105*

*Gabhálacha de thaisme de chéiticigh*

1. Déanfaidh soithí iascaireachta céiticigh a ghabhfar de thaisme i dtrealamh iascaireachta agus a thugtar taobh leis an soitheach iascaireachta a chur ar ais san fharraige go mear, gan ghortú agus iad fós beo, a mhéid a bheidh sé indéanta.

2. Déanfaidh na Ballstáit córais faireacháin leormhaithe a chur ar bun chun faisnéis iontaofa a bhailiú maidir leis an tionchar atá ag soithí iascaireachta a bhíonn ag díriú ar fhíogaigh ghobacha le heangacha geolbhaigh grinneallsocraithe ar na pobail céiticeach sa Mhuir Dhubh, agus cuirfidh siad an fhaisnéis sin faoi bhráid an Choimisiúin. Cuirfidh an Coimisiún an fhaisnéis sin ar aghaidh chuig Rúnaíocht CGIM gan mhoill.

*Airteagal 106*

*Taifeadadh ar ghabhálacha de thaisme de speicis áirithe mhuirí*

1. Gan dochar d'Airteagal 15(5) de Rialachán (CE) Uimh. 1224/2009, déanfaidh máistrí soithí iascaireachta an fhaisnéis seo a leanas a thaifeadadh sa logleabhar iascaireachta dá dtagraítear in Airteagal 14 den Rialachán sin:

   (a) aon chás de ghabháil de thaisme agus scaoileadh saor éanlaithe mara;

   (b) aon chás de ghabháil de thaisme agus scaoileadh saor turtar mara;

   (c) aon chás de ghabháil de thaisme agus scaoileadh saor rónta manaigh;

   (d) aon chás de ghabháil de thaisme agus scaoileadh saor céiticeach;

   (e) aon chás de ghabháil de thaisme agus, i gcás inar gá, scaoileadh saor siorcanna agus roc ar de na speicis iad a liostaítear in Iarscríbhinn II nó in Iarscríbhinn III a ghabhann leis an bPrótacal maidir le limistéir atá faoi chosaint speisialta agus maidir le héagsúlacht bhitheolaíoch sa Mheánmhuir.

2. Áireofar freisin leis na tuarascálacha náisiúnta a bheartaítear lena n-anailísiú ag SAC, i dteannta na faisnéise a thuairiscítear sa logleabhar, na nithe a leanas:

(a) i ndáil le gabhálacha de thaisme de thurtair mhara, faisnéis maidir leis an méid seo a leanas:

(i) cineál an trealaimh iascaireachta,

(ii) amanna na dteagmhas,

(iii) fad ama san uisce,

(iv) doimhneacht agus láithreacha,

(v) sprioc-speiceas,

(vi) speicis turtar mara, agus

(vii) cibé acu a cuireadh na turtair mhara ar ais san fharraige marbh, nó ar scaoileadh saor iad ina mbeatha;

(b) i ndáil le gabhálacha de thaisme de chéiticigh, faisnéis maidir leis an méid seo a leanas:

(i) saintréithe an chineáil trealaimh,

(ii) amanna na dteagmhas,

(iii) láithreacha (de réir FLG nó dronuilleog staidrimh, mar a fhoráiltear in Iarscríbhinn I a ghabhann leis an Rialachán seo), agus

(iv) cibé acu is deilf nó speiceas eile céiticeach iad na céiticigh atá i gceist nó nach ea.

3. Déanfaidh na Ballstáit na rialacha dá dtagraítear i mír 1 a leagan síos maidir le taifeadadh na ngabhálacha de thaisme ag máistrí soithí iascaireachta nach bhfuil faoi réir na hoibleagáide i leith logleabhar iascaireachta a choinneáil de bhun Airteagal 14 de Rialachán (CE) Uimh. 1224/2009.

4. Faoin 15 Nollaig gach bliain, cuirfidh na Ballstáit lena mbaineann faoi bhráid an Choimisiúin, i bhfoirm tuarascáil leictreonach, rátaí na ngabhálacha de thaisme d’éanlaithe mara, de thurtair mhara, de rónta manaigh, de chéiticigh agus de shiorcanna agus de roic agus na rátaí scaoilte saor, chomh maith leis an bhfaisnéis dá dtagraítear i míreanna 1 agus 2. Tarchuirfidh an Coimisiún an fhaisnéis sin chuig Rúnaíocht CGIM faoin 31 Nollaig gach bliain.

## ROINN II

## LIMISTÉIR SHRIANTA IASCAIGH

### FOROINN 1

### MURASCAILL AN LEOIN

*Airteagal 107*

*Limistéar srianta iascaigh a bhunú*

Tá limistéar srianta áirithe iascaigh bunaithe in oirthear Mhurascaill an Leoin, atá crioslaithe le línte lena gceanglaítear na comhordanáidí geografacha a leagtar amach i gCuid A d'Iarscríbhinn XI.

*Airteagal 108*

*Iarracht iascaireachta*

I gcás na stoc grinnill, ní dhéanfaidh iarracht iascaireachta na soithí a úsáideann eangacha tarraingthe, spiléir ghrinnill agus spiléir mheánuisce agus eangacha grinneallsocraithe sa limistéar srianta iascaigh dá dtagraítear in Airteagal 107 leibhéal na hiarrachta iascaireachta a shárú a bhí curtha i bhfeidhm ag gach Ballstát ar leith sa limistéar sin sa bhliain 2008.

*Airteagal 109*

*Cuntas teiste maidir le hiascaireacht*

Tráth nach déanaí ná an 16 Feabhra 2012, déanfaidh na Ballstáit liosta de na soithí a raibh bratach an Bhallstáit ábhartha ar foluain acu agus a raibh cuntas teiste maidir le hiascaireacht acu le linn na bliana 2008 sa limistéar dá dtagraítear in Airteagal 107 agus in FLG 7 mar a shainmhínítear in Iarscríbhinn I, a chur faoi bhráid an Choimisiúin i bhformáid leictreonach. Áireofar sa liosta sin ainm an tsoithigh, uimhir CFR an tsoithigh, an tréimhse ar lena linn a bhí an soitheach údaraithe chun iascaireacht a dhéanamh sa limistéar dá dtagraítear in Airteagal 107 agus líon na laethanta a chaith gach soitheach in FLG 7 sa bhliain 2008 agus, níos sonraí, sa limistéar dá dtagraítear in Airteagal 107.

*Airteagal 110*

*Soithí údaraithe*

1. Maidir le soithí atá údaraithe chun iascaireacht a dhéanamh sa limistéar dá dtagraítear in Airteagal 107 den Rialachán seo eiseoidh a mBallstát údarú iascaireachta dóibh i gcomhréir le hAirteagal 7 de Rialachán (CE) Uimh. 1224/2009.

2. Maidir le soithí iascaireachta nach bhfuil taifid acu maidir le hiascaireacht atá déanta sa limistéar dá dtagraítear in Airteagal 107 roimh an 31 Nollaig 2008, ní údarófar dóibh tús a chur leis an iascaireacht sa limistéar sin.

3. Déanfaidh Ballstáit, tráth nach déanaí ná an 16 Feabhra 2012, an reachtaíocht náisiúnta a bhí i bhfeidhm an 31 Nollaig 2008 maidir leis na nithe seo a leanas a chur in iúl don Choimisiún:

(a) an méid uasta uaireanta an chloig in aghaidh an lae ar lena linn a cheadaítear do shoitheach gabháil do ghníomhaíocht iascaireachta;

(b) an méid uasta laethanta in aghaidh na seachtaine ar lena linn a cheadaítear do shoitheach fanacht ar muir agus a bheith as láthair ón gcalafort; agus

(c) na hamanna éigeantacha i gcás soithí iascaireachta chun imeacht óna gcalafort cláraithe agus chun filleadh ar a gcalafort cláraithe.

*Airteagal 111*

*Gnáthóga íogaire a chosaint*

Áiritheoidh na Ballstáit go gcosnófar an limistéar dá dtagraítear in Airteagal 107 ar thionchair aon ghníomhaíochta daonna eile lena gcuirtear caomhnú na ngnéithe sin i mbaol, ar gnéithe iad a dhéanann an limistéar a shaintréithriú mar limistéar ina gcomhbhailíonn éisc sceitheacha.

*Airteagal 112*

*Faisnéis*

Faoin 1 Eanáir gach bliain, déanfaidh na Ballstáit tuarascáil i bhformáid leictreonach, maidir leis na gníomhaíochtaí iascaireachta arna ndéanamh sa limistéar dá dtagraítear in Airteagal 107 a chur faoi bhráid an Choimisiúin.

Féadfaidh an Coimisiún gníomhartha cur chun feidhme a ghlacadh maidir le rialacha mionsonraithe maidir le formáid agus tarchur na tuarascála ar na gníomhaíochtaí iascaireachta sin. Déanfar na gníomhartha cur chun feidhme sin a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 138(2).

## FOROINN 2

## CAOLAS NA SICILE

*Airteagal 113*

*Limistéir shrianta iascaigh*

Déanfar iascaireacht le heangacha tráil grinnill a thoirmeasc sna limistéir seo a leanas:

(1) limistéar srianta iascaigh ‘Taobh Thoir de Bhanc na nEachtraí’ atá crioslaithe le línte lena gceanglaítear na comhordanáidí a leagtar amach i gCuid B d’Iarscríbhinn XI;

(2) limistéar srianta iascaigh ‘Taobh Thiar d’Imchuach Gela’ atá crioslaithe le línte lena gceanglaítear na comhordanáidí a leagtar amach i gCuid B d’Iarscríbhinn XI;

(3) limistéar srianta iascaigh ‘Taobh Thoir de Bhanc Mhálta’ atá crioslaithe le línte lena gceanglaítear na comhordanáidí a leagtar amach i gCuid B d’Iarscríbhinn XI.

*Airteagal 114*

*Limistéir mhaolánacha*

1. Déanfar limistéar maolánach atá crioslaithe le línte lena gceanglaítear na comhordanáidí a leagtar amach i gCuid C d’Iarscríbhinn XI a bhunú thimpeall an limistéir shrianta iascaigh ‘Taobh Thoir de Bhanc na nEachtraí’ dá dtagraítear in Airteagal 113.

2. Déanfar limistéar maolánach atá crioslaithe le línte lena gceanglaítear na comhordanáidí a leagtar amach i gCuid C d’Iarscríbhinn XI a bhunú thimpeall an limistéir shrianta iascaigh ‘Taobh Thiar d’Imchuach Gela’ dá dtagraítear in Airteagal 113.

3. Déanfar limistéar maolánach atá crioslaithe le línte lena gceanglaítear na comhordanáidí a leagtar amach i gCuid C d’Iarscríbhinn XI a bhunú thimpeall an limistéir shrianta iascaigh ‘Taobh Thoir de Bhanc Mhálta’ dá dtagraítear in Airteagal 113.

4. Soithí a dhéanann gníomhaíochtaí iascaireachta le heangacha tráil grinnill sna limistéir mhaolánacha dá dtagraítear san Airteagal seo, déanfaidh siad minicíocht tarchuir iomchuí na gcomharthaí óna VMS a áirithiú. Soithí nach bhfuil feistithe le trasfhreagróir VMS agus arb é is aidhm dóibh iascaireacht a dhéanamh le heangacha tráil grinnill sna limistéir mhaolánacha, déanfar iad a fheistiú le haon chóras geoshuímh eile lena ligfear do na húdaráis rialaithe a ngníomhaíochtaí a rianú.

## FOROINN 3

## AN MHUIR AIDRIAD

*Airteagal 115*

*Srianta iascaireachta i limistéar Jabuka/Pomo Pit*

1. Déanfar iascaireacht áineasa agus iascaireacht le heangacha grinneallsocraithe, eangacha tráil grinnill, spiléir shocraithe agus gaistí a thoirmeasc i limistéar atá crioslaithe le línte lena gceanglaítear na comhordanáidí a leagtar amach i gCuid D d’Iarscríbhinn XI.

2. Ón 1 Meán Fómhair go dtí an 31 Deireadh Fómhair gach bliain, déanfar iascaireacht le heangacha grinneallsocraithe, eangacha tráil grinnill, spiléir shocraithe agus gaistí a thoirmeasc i limistéar atá crioslaithe le línte lena gceanglaítear na comhordanáidí a leagtar amach i gCuid D d’Iarscríbhinn XI.

3. Ón 1 Meán Fómhair go dtí an 31 Deireadh Fómhair gach bliain, déanfar iascaireacht le heangacha grinneallsocraithe, eangacha tráil grinnill, spiléir shocraithe agus gaistí a thoirmeasc i limistéar atá crioslaithe le línte lena gceanglaítear na comhordanáidí a leagtar amach i gCuid D d’Iarscríbhinn XI.

*Airteagal 116*

*Soithí údaraithe i limistéar Jabuka/Pomo Pit*

1. Gan dochar d'Airteagal 115(2) agus (3), ní cheadófar gníomhaíochtaí iascaireachta tráchtála arna ndéanamh le heangacha grinneallsocraithe, eangacha tráil grinnill, spiléir shocraithe agus gaistí, sna limistéir dá dtagraítear sna míreanna sin, ach amháin má tá an soitheach i seilbh údaraithe shonraigh agus gur féidir leis a léiriú go bhfuil gníomhaíochtaí iascaireachta á ndéanamh aige le fada an lá sna limistéir lena mbaineann.

2. Sa limistéar dá dtagraítear in Airteagal 115(2), ní bheidh soithí iascaireachta údaraithe i dteideal iascaireacht a dhéanamh ar feadh tréimhse níos faide ná 2 lá iascaireachta in aghaidh na seachtaine. Soithí iascaireachta údaraithe a bhaineann úsáid as trealamh tráil otair dúbailte, ní bheidh siad i dteideal iascaireacht a dhéanamh ar feadh tréimhse níos faide ná lá amháin iascaireachta in aghaidh na seachtaine.

3. Sa limistéar dá dtagraítear in Airteagal 115(3), ní bheidh soithí údaraithe atá i mbun iascaireachta le heangacha tráil grinnill i dteideal iascaireacht a dhéanamh ach amháin ar an Satharn agus ar an Domhnach idir 05.00 agus 22.00. Ní cheadófar do shoithí údaraithe atá i mbun iascaireachta le heangacha grinneall-socraithe, spiléir ghrinnill agus gaistí, iascaireacht a dhéanamh ach amháin idir 05.00 Dé Luain agus 22.00 Déardaoin.

4. Na soithí atá údaraithe chun iascaireacht a dhéanamh sa limistéar dá dtagraítear in Airteagal 115(2) agus (3) leis an trealamh dá dtagraítear i mír 1 den Airteagal seo, tabharfaidh a mBallstát údarú iascaireachta dóibh i gcomhréir le hAirteagal 7 de Rialachán (CE) Uimh. 1224/2009.

5. Seolfaidh na Ballstáit chuig an gCoimisiún, tráth nach déanaí ná an 31 Márta gach bliain, liosta de na soithí a bhfuil an t-údarú dá dtagraítear i mír 1 eisithe ina gcomhair. Cuirfidh an Coimisiún in iúl do Rúnaíocht CGIM, tráth nach déanaí ná an 30 Aibreán gach bliain liosta de na soithí údaraithe atá leagtha síos don bhliain dár gcionn. I gcás gach soithigh, beidh an fhaisnéis dá dtagraítear in Iarscríbhinn VIII sa liosta.

6. Ní thabharfaidh soithí iascaireachta údaraithe gabhálacha stoc grinnill i dtír ach amháin i láithreacha tabhairt i dtír ainmnithe. Chuige sin, déanfaidh gach Ballstát lena mbaineann láithreacha tabhairt i dtír a ainmniú ina n-údarófar gabhálacha éisc ó Limistéar Srianta Iascaigh Jabuka/Pomo Pit a thabhairt i dtír. Cuirfear liosta de na láithreacha tabhairt i dtír sin in iúl don Choimisiún tráth nach déanaí ná an 10 Aibreán gach bliain. Tarchuirfidh an Coimisiún an liosta sin chuig Rúnaíocht CGIM faoin 30 Aibreán gach bliain.

7. Soithí iascaireachta atá údaraithe chun iascaireacht a dhéanamh sna limistéir dá dtagraítear in Airteagal 115(2) agus (3) leis an trealamh dá dtagraítear i mír 1 den Airteagal seo, beidh a gcórais VMS agus/nó a gCórais Aitheantais Uathoibríoch (AIS) ag oibriú i gceart, agus déanfar na trealaimh iascaireachta atá ar bord nó atá in úsáid a shainaithint, a uimhriú agus a mharcáil go cuí sula dtabharfaidh siad faoi oibríocht iascaireachta nó faoi loingseoireacht sna limistéir sin.

8. Soithí iascaireachta atá feistithe gan údarú le heangacha grinneallsocraithe, eangacha tráil grinnill, spiléir shocraithe agus gaistí, ní cheadófar dóibh idirthuras a dhéanamh tríd an Limistéar Srianta Iascaigh ach amháin má leanann siad cúrsa díreach faoi luas leanúnach nach lú ná 7 muirmhíle agus VMS agus/nó AIS gníomhach a bheith ar bord acu, agus mura ndéanann siad aon chineál gníomhaíochtaí iascaireachta.

## FOROINN 4
## GNÁTHÓGA ÍOGAIRE DOMHAINFHARRAIGE

*Airteagal 117*

*Limistéir shrianta iascaigh a bhunú i ngnáthóga íogaire domhainfharraige*

Déanfar iascaireacht le dreidirí tarraingthe agus le heangacha tráil grinnill a thoirmeasc sna limistéir seo a leanas:

(1) limistéar srianta iascaigh domhainfharraige 'Sceir Lophelia amach ó Capo Santa Maria di Leuca' atá crioslaithe le línte lena gceanglaítear na comhordanáidí a leagtar amach i gCuid E d'Iarscríbhinn XI;

(2) limistéar srianta iascaigh domhainfharraige 'Púscadh hidreacarbóin fhuar i limistéar dheilte na Níle' atá crioslaithe le línte lena gceanglaítear na comhordanáidí a leagtar amach i gCuid E d'Iarscríbhinn XI;

(3) limistéar srianta iascaigh domhainfharraige 'Tulán Grinnill Eratosthenes' atá crioslaithe le línte lena gceanglaítear na comhordanáidí a leagtar amach i gCuid E d'Iarscríbhinn XI.

*Airteagal 118*

*Gnáthóga íogaire a chosaint*

Áiritheoidh Ballstáit go n-iarrfar ar a gcuid údarás inniúil na gnáthóga íogaire domhainfharraige sna limistéir dá dtagraítear in Airteagal 117 a chosaint, go háirithe, ar thionchar aon ghníomhaíochta eile lena gcuirtear caomhnú na ngnéithe sin i mbaol, ar gnéithe iad lena ndéantar na gnáthóga sin a shaintréithriú.

## ROINN III

## TRÉIMHSÍ COISCTHE SPÁSÚLA NÓ AMA

*Airteagal 119*

*Cosc ama*

Ón 1 Iúil go dtí an 30 Meán Fómhair gach bliain, cuirfear toirmeasc ar iascaireacht le heangacha tráil grinnill idir an cósta agus iseabat 200 méadar ar domhain 14 FLG (Murascaill Gabès dá dtagraítear in Iarscríbhinn I).

## ROINN IV

## TREALAMH IASCAIREACHTA

*Airteagal 120*

*Tráil agus eangacha geolbhaigh a úsáid sa Mhuir Dhubh*

1. Cuirfear toirmeasc ar thráil a úsáid:

   (a) laistigh de thrí mhuirmhíle amach ón gcósta, ar choinníoll nach sroichtear an t-iseabat 50 méadar; nó

(b) laistigh den iseabat 50 méadar i gcás ina sroichtear an doimhneacht 50 méadar ag achar níos giorra amach ón gcósta.

2. Ar bhonn eisceachtúil, féadfaidh na Ballstáit a gcuid soitheach iascaireachta a údarú dul i mbun iascaireachta sa chrios dá dtagraítear i mír 1 trí mhaoluithe a dheonú i gcomhréir le Moladh CGIM/42/2018/2, ar choinníoll go gcuirfidh siad an Coimisiún ar an eolas mar is cuí faoi aon mhaolú den sórt sin.

3. I gcás ina measann an Coimisiún nach gcomhlíontar, le maolú a dheonaítear i gcomhréir le mír 2, an coinníoll a leagtar amach sa mhír sin, féadfaidh sé, faoi réir na cúiseanna ábhartha a chur ar fáil agus tar éis dul i gcomhairle leis an mBallstát lena mbaineann, a iarraidh ar an mBallstát an maolú sin a leasú.

4. Cuirfidh an Coimisiún Rúnaíocht CGIM ar an eolas faoi aon mhaoluithe a dheonaítear i gcomhréir le mír 2.

5. Ón 1 Eanáir 2015, ní bheidh trastomhas níos mó ná 0,5 mm ag aonfhiliméad ná ag sreangáin eangacha geolbhaigh grinneallsocraithe.

## Caibidil II
## Maoiniú maidir le bearta caomhnaithe a mbíonn scor sealadach i ngníomhaíochtaí iascaireachta ann dá dtoradh

*Airteagal 121*

*Maoiniú maidir le bearta caomhnaithe a mbíonn scor sealadach i ngníomhaíochtaí iascaireachta ann dá dtoradh*

Na bearta dá bhforáiltear in Airteagail 5, 17, 26, 36, 45, 59, 67, 82, 94 agus 119 den Rialachán seo, a mbíonn scor sealadach i ngníomhaíochtaí iascaireachta ann dá dtoradh, measfar iad a bheith ina mbearta caomhnaithe laistigh de bhrí Airteagal 7(1), pointe (j), de Rialachán (AE) Uimh. 1380/2013 chun an scor sealadach a mhaoiniú i gcomhréir le hAirteagal 21(2), pointe (a), de Rialachán (AE) 2021/1139 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[1].

[1] Rialachán (AE) 2021/1139 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 7 Iúil 2021 lena mbunaítear an Ciste Eorpach Muirí, Iascaigh agus Dobharshaothraithe agus lena leasaítear Rialachán (AE) 2017/1004 (IO L 247, 13.7.2021, lch. 1).

# Caibidil III
# Bearta rialaithe

## Roinn I
## Clár soithí údaraithe

*Airteagal 122*
*Clár soithí údaraithe*

1. Faoin 30 Samhain gach bliain cuirfidh na Ballstáit chuig an gCoimisiún, tríd an ngnáthmheán próiseála sonraí, liosta nuashonraithe de na soithí ar mó ná 15 mhéadar a bhfad foriomlán, ar soithí iad a bhfuil bratach an Bhallstáit sin ar foluain acu agus ar soithí iad atá cláraithe ina chríoch agus atá údaraithe ag an mBallstát sin chun iascaireacht a dhéanamh i limistéar Chomhaontú CGIM, trí údarú iascaireachta a eisiúint.

2. Áireofar sa liosta a léirítear i mír 1 an fhaisnéis seo a leanas:

(a) uimhir CFR an tsoithigh agus a mharcáil sheachtrach, mar a shainmhínítear in Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2017/218;

(b) an tréimhse ar lena linn a údaraítear iascaireacht agus/nó trasloingsiú a dhéanamh;

(c) na trealamh iascaireachta a úsáidtear.

3. Cuirfidh an Coimisiún an liosta nuashonraithe chuig Rúnaíocht CGIM faoin 31 Nollaig gach bliain ionas gur féidir na soithí lena mbaineann a chur ar chlár CGIM na soithí ar mó ná 15 mhéadar a bhfad foriomlán agus atá údaraithe chun iascaireacht a dhéanamh i limistéar Chomhaontú CGIM (clár CGIM).

4. Aon athrú atá le déanamh ar an liosta dá dtagraítear i mír 1, cuirfear in iúl don Choimisiún é chun é a tharchur chuig Rúnaíocht CGIM, tríd an ngnáthmheán próiseála sonraí, 10 lá oibre ar a laghad sula gcuireann an soitheach tús le gníomhaíocht iascaireachta i limistéar Chomhaontú CGIM.

5. Maidir le soithí iascaireachta an Aontais ar mó ná 15 mhéadar a bhfad foriomlán nach bhfuil curtha ar an liosta dá dtagraítear i mír 1, ní dhéanfaidh siad aon chineál éisc ná sliogéisc a ghabháil, ní choimeádfaidh siad aon chineál éisc ná sliogéisc ar bord, ná ní dhéanfaidh siad aon chineál éisc ná sliogéisc a thrasloingsiú ná a thabhairt i dtír laistigh de limistéar Chomhaontú CGIM.

6. Glacfaidh na Ballstáit na bearta is gá chun a áirithiú:

(a) nach gceadaítear ach do na soithí sin amháin a bhfuil bratach an Bhallstáit ábhartha ar foluain acu agus atá ar áireamh sa liosta dá dtagraítear i mír 1 agus ar soithí iad a bhfuil údarú iascaireachta ar bord acu arna eisiúint ag an mBallstát ábhartha, faoi théarmaí an údaraithe, gníomhaíochtaí iascaireachta a dhéanamh i limistéar Chomhaontú CGIM;

(b) nach n-eisítear aon údarú iascaireachta do shoithí a bhfuil iascaireacht NNN déanta acu roimhe sin i limistéar Chomhaontú CGIM nó in áiteanna eile, mura ndéanann na húinéirí nua fianaise dhoiciméadach leormhaith a sholáthar ag tabhairt le fios nach bhfuil leas dlíthiúil, tairbheach ná airgeadais ag na hiar-úinéirí ná ag na hiar-oibreoirí a thuilleadh maidir leis na soithí sin agus nach bhfeidhmíonn siad aon smacht ar na soithí sin, nó nach bhfuil na soithí sin rannpháirteach in iascaireacht NNN ná nach bhfuil aon bhaint acu le hiascaireacht NNN;

(c) a mhéid is féidir, go gcuirtear toirmeasc, lena reachtaíocht náisiúnta, ar úinéirí agus ar oibreoirí soithigh a bhfuil bratach an Bhallstáit ábhartha ar foluain acu agus ar soithí iad atá ar áireamh sa liosta dá dtagraítear i mír 1, ó bheith rannpháirteach, nó baint a bheith acu le gníomhaíochtaí iascaireachta arna ndéanamh i limistéar Chomhaontú CGIM ag soithí nach bhfuil ar chlár CGIM;

(d) a mhéid is féidir, go gceanglaítear, lena reachtaíocht náisiúnta, gur náisiúnaigh de chuid an Bhallstáit brataí nó eintitis dhlíthiúla laistigh den Bhallstát brataí sin iad úinéirí na soithí a bhfuil bratach an Bhallstáit ábhartha ar foluain acu agus ar soithí iad atá ar an liosta dá dtagraítear i mír 1;

(e) go gcomhlíonann a soithí na bearta ábhartha CGIM um chaomhnú agus um bainistiú uile.

7. Déanfaidh na Ballstáit na bearta is gá chun toirmeasc a chur iasc nó sliogiasc a iascach, a choimeád ar bord, a thrasloingsiú nó a thabhairt i dtír a dhéanann soithí ar mó ná 15 mhéadar a bhfad foriomlán a ghabháil i limistéar Chomhaontú CGIM agus nach bhfuil ar chlár CGIM.

8. Maidir le haon fhaisnéis lena léirítear go bhfuil cúiseanna láidre ann chun bheith in amhras go bhfuil soithí, ar mó ná 15 mhéadar a bhfad foriomlán agus ar soithí iad nach bhfuil ar chlár CGIM, i mbun iascaireachta ar éisc nó sliogéisc nó go bhfuil éisc nó sliogéisc á dtrasloingsiú acu i limistéar Chomhaontú CGIM, cuirfidh na Ballstáit, gan mhoill, an fhaisnéis sin in iúl don Choimisiún nó don chomhlacht atá ainmnithe ag an gCoimisiún nuair is ábhartha.

## ROINN II
## BEARTA ARNA NDÉANAMH AG STÁT AN CHALAFOIRT

### *Airteagal 123*
### *Raon Feidhme*

Beidh feidhm ag an roinn seo maidir le soithí iascaireachta tríú tíortha.

### *Airteagal 124*
### *Réamhfhógra*

De mhaolú ar Airteagal 6(1) de Rialachán (CE) Uimh. 1005/2008, is é 72 uair an chloig ar a laghad roimh an am a mheastar a bhainfear an calafort amach a bheidh sa tréimhse chun réamhfhógra a thabhairt. Mar sin féin, féadfaidh Ballstát tréimhse fógra éagsúil a shocrú ag cur san áireamh, *inter alia*, an t-achar atá idir na meánna iascaireachta agus a chalafoirt. I gcás den sórt sin, cuirfidh an Ballstát an Coimisiún agus Rúnaíocht CGIM ar an eolas, agus déanfaidh Rúnaíocht CGIM an fhaisnéis sin a chomhtháthú i gclár na gcalafort.

*Airteagal 125*

*Cigireachtaí calafoirt*

1. D’ainneoin Airteagal 9(1) de Rialachán (CE) Uimh. 1005/2008, déanfaidh na Ballstáit cigireachtaí a chur i gcrích ina láithreacha tabhairt i dtír ainmnithe ar 15 % ar a laghad d’oibríochtaí tabhartha i dtír agus trasloingsithe gach bliain.

2. D’ainneoin Airteagal 9(2) de Rialachán (CE) Uimh. 1005/2008, déanfar cigireacht i ngach cás ar shoithí iascaireachta a thagann isteach gan réamhúdarú i gcalafort Ballstáit.

*Airteagal 126*

*An nós imeachta cigireachta*

Sa bhreis ar na ceanglais dá bhforáiltear in Airteagal 10 de Rialachán (CE) Uimh. 1005/2008, comhlíonfar leis na cigireachtaí calafoirt na ceanglais a leagtar amach in Iarscríbhinn II a ghabhann leis an Rialachán seo.

*Airteagal 127*

*Cead a dhiúltú maidir le calafort a úsáid*

1. Ní cheadóidh na Ballstáit do shoitheach tríú tír a gcalafoirt a úsáid chun táirgí iascaigh a ghabhtar i limistéar Chomhaontú CGIM a thabhairt i dtír, a thrasloingsiú ná a phróiseáil agus diúltóidh siad rochtain ar sheirbhísí calafoirt, lena n-áirítear, *inter alia*, seirbhísí athbhreoslaithe agus athsholáthair, a thabhairt dó más rud é:

   (a) nach gcomhlíonann an soitheach ceanglais an Rialacháin seo;

(b) go bhfuil an soitheach ar áireamh i liosta de shoithí a bhí rannpháirteach in iascaireacht NNN nó a thug tacaíocht di, agus ar liosta é atá glactha ag eagraíocht réigiúnach bainistíochta iascaigh; nó

(c) nach bhfuil údarú bailí ag an soitheach chun bheith rannpháirteach in iascaireacht nó i ngníomhaíochtaí a bhaineann le hiascaireacht i limistéar Chomhaontú CGIM.

De mhaolú ar an gcéad fhomhír, ní bheidh cosc ar bith ar na Ballstáit, i gcásanna force majeure nó i gcásanna guaise de réir bhrí Airteagal 18 de Choinbhinsiún na Náisiún Aontaithe maidir le Dlí na Farraige, ó ligean do shoitheach tríú tír a gcuid calafort a úsáid le haghaidh seirbhísí a bhfuil fíorghá leo chun na staideanna sin a leigheas.

2. Beidh feidhm ag mír 1 sa bhreis ar na forálacha maidir le diúltú do chalafort a úsáid, dá bhforáiltear le hAirteagal 4(2) agus le hAirteagal 37(5) agus (6) de Rialachán (CE) Uimh. 1005/2008.

3. I gcás ina bhfuil sé diúltaithe ag Ballstát do shoitheach tríú tír úsáid a bhaint as a chalafoirt i gcomhréir le mír 1 nó 2, tabharfaidh sé fógra faoi sin go mear do mháistir an tsoithigh, don Stát brataí, don Choimisiún agus do Rúnaíocht CGIM faoi ghníomhaíocht den sórt sin.

4. Más rud é nach bhfuil feidhm a thuilleadh ag na forais diúltaithe, dá dtagraítear i mír 1 nó i mír 2, déanfaidh an Ballstát a dhiúltú a tharraingt siar agus tabharfaidh sé fógra, do na seolaithe dá dtagraítear i mír 3, maidir leis an tarraingt siar sin.

## Roinn III
## NNN

*Airteagal 128*

*Oibleagáid tuairiscithe maidir le gníomhaíocht iascaireachta NNN toimhdithe*

1. Gan dochar d'Airteagal 48(3) de Rialachán (CE) Uimh. 1005/2008, cuirfidh na Ballstáit an fhaisnéis seo a leanas faoi bhráid an Choimisiúin agus an chomhlachta arna ainmniú aige i gcás inarb ábhartha, ar a laghad 140 lá roimh sheisiún bliantúil CGIM:

   (a) faisnéis faoi shoithí a thoimhdítear a bheith i mbun gníomhaíochtaí iascaireachta NNN i limistéar Chomhaontú CGIM le linn na bliana reatha agus na bliana roimhe sin;

   (b) fianaise arna tuairisciú ag na Ballstáit a thacaíonn le toimhde ghníomhaíochtaí iascaireachta NNN.

   Tarchuirfidh an Coimisiún an fhaisnéis sin chuig Rúnaíocht CGIM, ar a laghad 120 lá roimh sheisiún bliantúil CGIM.

2. I gcás inarb iomchuí, déanfaidh an Coimisiún aon fhaisnéis bhreise a fhaightear ó na Ballstáit agus a d'fhéadfadh a bheith ábhartha chun liosta de shoithí NNN a bhunú a chur ar aghaidh chuig Rúnaíocht CGIM ar a laghad 120 lá roimh sheisiún bliantúil CGIM.

3. Gan dochar don chineál faisnéise atá le háireamh ar liosta an Aontais de shoithí NNN i gcomhréir le hAirteagal 29 (1) de Rialachán (CE) Uimh. 1005/2008, beidh san fhaisnéis dá dtagraítear i míreanna 1 agus 2 na mionsonraí seo a leanas, i gcás ina bhfuil fáil orthu:

(a) ainm an tsoithigh agus a ainm/ainmneacha roimhe sin;

(b) bratach an tsoithigh agus a bhratach/bhratacha roimhe sin;

(c) ainm agus seoladh úinéir an tsoithigh agus na húinéirí roimhe sin, lena n-áirítear úinéirí tairbhiúla;

(d) áit chláraithe úinéir an tsoithigh nó úinéirí an tsoithigh;

(e) oibreoir an tsoithigh agus an t-oibreoir/na hoibreoirí roimhe sin;

(f) comhartha aitheantais an tsoithigh agus a chomhartha aitheantais roimhe sin;

(g) uimhir na hEagraíochta Muirí Idirnáisiúnta (IMO);

(h) uimhir aitheantais na seirbhíse muirí soghluaiste (MMSI);

(i) fad foriomlán;

(j) grianghraif den soitheach;

(k) an dáta a áiríodh an soitheach ar dhréachtliosta NNN CGIM den chéad uair;

(l) dáta ghníomhaíocht iascaireachta NNN líomhnaithe;

(m) suíomh ghníomhaíocht iascaireachta NNN líomhnaithe;

(n) achoimre ar ghníomhaíochtaí arb iad is údar le cuimsiú an tsoithigh ar an liosta, in éineacht le tagairtí do gach doiciméad ábhartha ina dtuairiscítear na gníomhaíochtaí sin agus ina léirítear fianaise ina dtaobh; agus

(o) toradh aon ghníomhaíochta atá déanta.

*Airteagal 129*

*Neamhchomhlíontacht líomhnaithe arna tuairisciú ag Rúnaíocht CGIM*

1. Má fhaigheann an Coimisiún aon fhianaise ó Rúnaíocht CGIM a thacaíonn le toimhde ghníomhaíochtaí iascaireachta NNN ag soitheach iascaireachta a bhfuil bratach Ballstáit ar foluain aige, tarchuirfidh an Coimisiún an fhaisnéis sin don Bhallstát lena mbaineann gan mhoill.

2. Féadfaidh an Ballstát lena mbaineann fianaise a chur ar fáil don Choimisiún, ar a laghad 45 lá roimh sheisiún bliantúil CGIM, lena n-áirítear fianaise lena léirítear nach bhfuil an iascaireacht atá déanta ag na soithí liostaithe de shárú ar bhearta caomhnaithe agus bainistithe CGIM nó nach raibh an deis acu iascaireacht a dhéanamh i limistéar chur i bhfeidhm CGIM. Déanfaidh an Coimisiún an fhaisnéis sin a chur ar aghaidh chuig Rúnaíocht CGIM 30 lá ar a laghad roimh sheisiún bliantúil CGIM.

*Airteagal 130*

*Dréachtliosta NNN CGIM*

Nuair a gheobhaidh na Ballstáit dréachtliosta de shoithí NNN ó Rúnaíocht CGIM, déanfaidh siad dlúthfhaireachán ar na soithí a áirítear i ndréachtliosta NNN agus cinnfidh siad a ngníomhaíochtaí agus aon athrú a d'fhéadfaí a dhéanamh ar ainm, ar bhratach agus/nó ar an úinéir cláraithe.

# Caibidil IV

# Comhar, faisnéis agus tuairisciú

*Airteagal 131*

*Comhar agus faisnéis*

1. Oibreoidh an Coimisiún, an comhlacht arna ainmniú aige i gcás inarb ábhartha, agus na Ballstáit i gcomhar le Rúnaíocht CGIM agus déanfaidh siad faisnéis a mhalartú léi, go háirithe tríd an méid seo a leanas:

   (a) faisnéis ó bhunachair ábhartha shonraí a iarraidh agus trí fhaisnéis a sholáthar do na bunachair sin;

   (b) comhar a iarraidh chun cur chun feidhme éifeachtach an Rialacháin seo a chur chun cinn agus trí chomhoibriú ina leith sin.

2. Áiritheoidh na Ballstáit go gceadófar lena gcórais náisiúnta faisnéise a bhaineann le hiascaigh, faisnéis maidir le cigireachtaí arna ndéanamh ag stát an chalafoirt dá dtagraítear i Roinn II, Caibidil III de Theideal III a mhalartú go leictreonach go díreach idir iad féin agus Rúnaíocht CGIM, agus aird chuí á tabhairt ar na ceanglais iomchuí rúndachta.

3. Déanfaidh Ballstáit bearta chun faisnéis a roinnt, trí mheáin leictreonacha, idir gníomhaireachtaí ábhartha náisiúnta agus chun gníomhaíochtaí na ngníomhaireachtaí sin a chomhordú i gcur chun feidhme na mbeart atá leagtha amach i gCaibidil II de Theideal III.

4. Chun críche an Rialacháin seo, bunóidh na Ballstáit liosta de phointí teagmhála, a tharchuirfear go leictreonach, gan mhoill, chuig an gCoimisiún agus chuig Rúnaíocht CGIM agus chuig páirtithe conarthacha CGIM.

5. Féadfaidh an Coimisiún gníomhartha cur chun feidhme a ghlacadh i ndáil le rialacha mionsonraithe maidir le comhar agus malartú faisnéise. Déanfar na gníomhartha cur chun feidhme sin a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 138(2).

*Airteagal 132*

*Formáid agus tarchur na faisnéise chuig an gCoimisiún*

Féadfaidh an Coimisiún gníomhartha cur chun feidhme a ghlacadh i leith fhormáid agus tharchur na faisnéise dá dtagraítear in Airteagal 50, Airteagal 105(2) agus Airteagal 106. Déanfar na gníomhartha cur chun feidhme sin a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 138(2).

*Airteagal 133*

*Rochtain ar fhaisnéis agus ar shonraí a bhaineann le faireachán, rialú agus faireachas faoi chuimsiú scéimeanna comhpháirteacha cigireachta agus faireachais*

1. Beidh feidhm ag an Airteagal seo maidir leis na Ballstáit atá i mbun treoirthionscadail nó scéimeanna idirnáisiúnta maidir le cigireacht chomhpháirteach agus faireachas comhpháirteach i limistéar chur i bhfeidhm CGIM.

2. Áiritheoidh na Ballstáit go ndéileálfar go slán leis an bhfaisnéis, na sonraí, na tuarascálacha, agus na teachtaireachtaí a bhaineann le faireachán, rialú agus faireachas faoi chuimsiú na scéimeanna comhpháirteacha cigireachta agus faireachais.

3. Beidh an tAirteagal seo gan dochar d’oibleagáidí na mBallstát maidir lena bpróiseáil sonraí pearsana faoin dhlí an Aontais.

## Caibidil V
## Cláir Taighde Réigiúnacha

### ROINN I
### PORTÁN GORM SA MHEÁNMHUIR

*Airteagal 134*
*Clár taighde réigiúnach*

Beidh na Ballstáit ag a bhfuil soithí iascaireachta atá i mbun gníomhaíochtaí iascaireachta tráchtála lena saothraítear portáin ghorma (*Portunus segnis* agus *Callinectes sapidus*) sa Mheánmhuir rannpháirteach sa chlár taighde réigiúnach arb é is aidhm dó saothrú inbhuanaithe a dhéanamh ar phortáin ghorma sa Mheánmhuir ar bhealach ina gcuirtear san áireamh cuspóirí iascaigh, socheacnamaíocha agus comhshaoil.

*Airteagal 135*
*Faireachán eolaíoch*

Bunóidh na Ballstáit ag a bhfuil soithí iascaireachta atá i mbun gníomhaíochtaí iascaireachta tráchtála lena ndírítear ar phortáin ghorma faireachán eolaíoch leormhaith ar ghabhálacha portán gorm sa Mheánmhuir lena n-éascófar cur chun feidhme an chláir taighde réigiúnaigh i ndáil leis an méid seo a leanas:

(1) an iarracht iascaireachta atá déanta agus na leibhéil ghabhála fhoriomlána ar an leibhéal náisiúnta; agus

(2) éifeachtaí bitheolaíocha agus socheacnamaíocha na gcásanna bainistíochta malartacha agus na mbeart teicniúil, arna sainaithint ag na Ballstáit.

## Roinn II

## Chuachma fhéitheach sa Mhuir Dhubh

*Airteagal 136*

*Clár taighde réigiúnach*

Beidh na Ballstáit ag a bhfuil soithí iascaireachta atá i mbun gníomhaíochtaí iascaireachta tráchtála lena saothraítear an chuachma fhéitheach (*Rapana venosa*) in FLG 29 rannpháirteach sa chlár taighde réigiúnach arb é is aidhm dó saothrú inbhuanaithe a dhéanamh ar an gcuachma fhéitheach sa Mhuir Dhubh, ar bhealach ina gcuirtear san áireamh cuspóirí iascaigh, socheacnamaíocha agus comhshaoil.

*Airteagal 137*

*Faireachán eolaíoch*

Bunóidh na Ballstáit ag a bhfuil soithí iascaireachta atá i mbun gníomhaíochtaí iascaireachta tráchtála lena ndírítear ar an gcuachma fhéitheach in FLG 29 faireachán eolaíoch leormhaith ar ghabhálacha na gcuachmaí féitheacha agus éascóidh siad cur chun feidhme an chláir taighde réigiúnaigh agus obair WGBS i dtaobh faisnéis agus comhairle a chur ar fáil maidir leis an méid seo a leanas:

(1) an iarracht iascaireachta atá déanta agus na leibhéil ghabhála fhoriomlána ar an leibhéal náisiúnta;

(2) sonraí faoi chainníochtaí foriomláine foghabhála de réir trealamh iascaireachta agus de réir speicis, gan tumadóireacht scúba a áireamh;

(3) éifeachtaí bitheolaíocha agus socheacnamaíocha na gcásanna bainistíochta malartacha agus na mbeart teicniúil, arna sainaithint ag na Ballstáit; agus

(4) tréimhsí coiscthe spásúla nó ama féideartha chun inbhuanaitheacht iascaigh a chaomhnú.

## TEIDEAL IV
## FORÁLACHA CRÍOCHNAITHEACHA

*Airteagal 138*

*An nós imeachta coiste*

1. Tabharfaidh an Coiste um Iascach agus Dobharshaothrú a bunaíodh le hAirteagal 47(1) de Rialachán (AE) Uimh. 1380/2013 cúnamh don Choimisiún. Beidh an coiste sin ina choiste de réir bhrí Rialachán (AE) Uimh. 182/2011.

2. I gcás ina ndéanfar tagairt don mhír seo, beidh feidhm ag Airteagal 5 de Rialachán (AE) Uimh. 182/2011.

*Airteagal 139*

*Cumhachtaí a tharmligean*

A mhéid is gá, d’fhonn leasuithe ar bhearta CGIM atá curtha chun feidhme cheana, agus a bheidh ina gceangal ar an Aontas, a chur chun feidhme i ndlí an Aontais, tugtar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh lena leasaítear an Rialachán seo, i gcomhréir le hAirteagal 140, i ndáil leis an méid seo a leanas:

(1) faisnéis a sholáthar faoi Airteagal 124(4) do Rúnaíocht CGIM;

(2) na socruithe a bhaineann le liosta na soithí údaraithe atá le tarchur chuig Rúnaíocht CGIM faoi Airteagail 9, 15, 24 agus 34, Airteagal 61(3), Airteagal 70, Airteagal 78(3), agus Airteagal 86 agus Airteagal 122, agus na sonraí a áireofar faoi Iarscríbhinn VIII;

(3) cur chun feidhme CDS buan i ndáil le coiréalach dearg faoi Airteagal 55 agus Iarscríbhinn X;

(4) bearta arna ndéanamh ag stát an chalafoirt a leagtar amach in Airteagail 123 go 127;

(5) tábla, léarscáil agus comhordanáidí geografacha FLGanna mar a leagtar amach in Iarscríbhinn I iad;

(6) nósanna imeachta cigireachta arna ndéanamh ag stát an chalafoirt maidir le soithí, a leagtar amach in Iarscríbhinn II;

(7) na maitrísí staidrimh CGIM a leagtar amach in Iarscríbhinn III; agus

(8) tagairtí do ghníomhartha idirnáisiúnta a leagtar amach in Airteagal 120(2).

*Airteagal 140*

*An tarmligean a fheidhmiú*

1. Is faoi réir na gcoinníollacha a leagtar síos san Airteagal seo a thugtar an chumhacht don Choimisiún chun gníomhartha tarmligthe a ghlacadh.

2. Déanfar an chumhacht chun gníomhartha tarmligthe a ghlacadh dá dtagraítear in Airteagail 41, 42 agus 139 a thabhairt don Choimisiún go ceann tréimhse 3 bliana amhail ón ... [dáta theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo]. Déanfaidh an Coimisiún, tráth nach déanaí ná 9 mhí roimh dheireadh na tréimhse 3 bliana, tuarascáil a tharraingt suas maidir le tarmligean na cumhachta. Déanfar tarmligean na cumhachta a fhadú go hintuigthe go ceann tréimhsí comhfhaid, mura rud é go gcuireann Parlaimint na hEorpa nó an Chomhairle in aghaidh an fhadaithe sin tráth nach déanaí ná 3 mhí roimh dheireadh gach tréimhse.

3. Féadfaidh Parlaimint na hEorpa nó an Chomhairle tarmligean na cumhachta dá dtagraítear in Airteagal 41, 42 agus 139 chúlghairm aon tráth. Le cinneadh chun cúlghairm a dhéanamh, cuirfear deireadh le tarmligean na cumhachta atá sonraithe sa chinneadh sin. Gabhfaidh éifeacht leis an lá tar éis fhoilsiú an chinnidh in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* nó ar dháta is déanaí a shonrófar sa chinneadh. Ní bheidh éifeacht aige ar bhailíocht na ngníomhartha tarmligthe atá i bhfeidhm cheana féin.

4. Sula nglacfaidh sé gníomh tarmligthe, rachaidh an Coimisiún i mbun comhairliúchán le saineolaithe arna n-ainmniú ag gach Ballstát i gcomhréir leis na prionsabail a leagtar síos i gComhaontú Idirinstitiúideach an 13 Aibreán 2016 maidir le Reachtóireacht Níos Fearr.

5. A luaithe a ghlacfaidh sé gníomh tarmligthe, tabharfaidh an Coimisiún fógra, an tráth céanna, do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle faoi.

6. Tiocfaidh gníomh tarmligthe a ghlacfar de bhun Airteagal 41,42 agus 139 den Rialachán seo i bhfeidhm ach amháin má dhéanann Parlaimint na hEorpa nó an Chomhairle agóid ina choinne laistigh de thréimhse 2 mhí ón lá a thugtar fógra do Pharlaimint na hEorpa nó don Chomhairle faoin ngníomh sin nó, sula dtéann an tréimhse sin in éag, má tá sé curtha in iúl ag Parlaimint na hEorpa agus ag an gComhairle araon don Choimisiún nach ndéanfaidh siad agóid ina choinne. Déanfar an tréimhse sin a fhadú 2 mhí ar thionscnamh Pharlaimint na hEorpa nó na Comhairle.

*Airteagal 141*

*Aisghairm*

Aisghairtear Rialachán (AE) Uimh. 1343/2011.

Déanfar tagairtí don Rialachán aisghairthe a fhorléiriú mar thagairtí don Rialachán seo agus léifear iad i gcomhréir leis an tábla comhghaoil a leagtar amach in Iarscríbhinn XV a ghabhann leis an Rialachán seo.

*Airteagal 142*

*Teacht i bhfeidhm*

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh.*

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh in Strasbourg,


| | |
|---|---|
| *Thar ceann Pharlaimint na hEorpa* | *Thar ceann na Comhairle* |
| *An tUachtarán* | *An tUachtarán* |

# IARSCRÍBHINN I

A) Tábla de FLGanna CGIM

| FO-LIMISTÉAR EBT | RANNA STAIDRIMH EBT | FLGanna | |
|---|---|---|---|
| IARTHARACH | 1.1 BAILÉARACH | 1 | Muir Alboran Thuaidh |
| | | 2 | Oileán Alboran |
| | | 3 | Muir Alboran Theas |
| | | 4 | An Ailgéir |
| | | 5 | Na hOileáin Bhailéaracha |
| | | 6 | Tuaisceart na Spáinne |
| | | 11.1 | An tSairdín (thiar) |
| | 1.2 MURASCAILL AN LEOIN | 7 | Murascaill an Leoin |
| | 1.3 AN tSAIRDÍN | 8 | Oileán na Corsaice |
| | | 9 | An Mhuir Liogúrach agus Muir Thoirian Thuaidh |
| | | 10 | Muir Thoirian Theas |
| | | 11.2 | An tSairdín (thoir) |
| | | 12 | Tuaisceart na Túinéise |
| LÁIR | 2.1 AIDRIADACH | 17 | Aidriadach Thuaidh |
| | | 18 | Muir Aidriad Theas (cuid de) |
| | 2.2 IÓNACH | 13 | Murascaill Hammamet |
